# Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
# Ollscoil na hÉireann, Corcaigh

## Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

## An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2018

**CLÁR ÁBHAR**

| | Leathanach |
|---|---|
| TUARASCÁIL AN CHISTEORA OINIGH | 2 – 4 |
| RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN CHOMHLACHTA CEANNAIS | 5 |
| TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA | 6 – 9 |
| RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH | 10 – 16 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM CUIMSITHEACH | 17 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS OLLSCOILE AR ATHRUITHE I gCÚLCHISTÍ | 18 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS OLLSCOILE AR STAID AIRGEADAIS | 19 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID | 20 |
| NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 21 – 41 |
| TUILLEADH FAISNÉISE AIRGEADAIS | 42 - 43 |
| RÁITEAS CISTIÚCHÁIN AN ÚDARÁIS UM ARD-OIDEACHAS AGUS RÉITEACH AN RÁITIS CHISTIÚCHÁIN | 44 – 61 |
| AGUISÍN 1 - RÁITIS AIRGEADAIS CORK UNIVERSITY FOUNDATION DAC 2018 | |

## TUARASCÁIL AN CHISTEORA OINIGH

AR NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - AN BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2018

**Leagan Amach na gCuntas – Nóta Míniúcháin**

Sa bhliain 2016, ghlac an Ollscoil Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) le haghaidh ullmhú a ráiteas airgeadais reachtúil, faoi mar a rinne an chuid eile den earnáil Ardoideachais. De bhreis air sin, ghlac an earnáil an Ráiteas ar Chleachtas Molta - Cuntasaíocht d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais arna eisiúint ag an Higher Education / Further Education SORP Board sa Ríocht Aontaithe.

Baineann athrú tábhachtach a tháinig isteach de bharr FRS 102 le haithint ioncaim agus leis an dóigh a gcaitear le deontais chaipitil iarchurtha, rud a d'fhéadfadh luaineacht a chruthú amach anseo i bhfeidhmíocht fhoriomlán na hOllscoile.

De bhreis air sin, leanann an Ollscoil ar aghaidh ag ullmhú sraith ráiteas airgeadais don Údarás um Ard-Oideachas. Ullmhaítear iad ar bhonn comhchuibhithe arna cheadú ag an Údarás. Cuirtear Ráitis Chistiúcháin an Údaráis um Ard-Oideachas mar aguisín leis na cuntais reachtúla chomhdhlúite, mar aon le réiteach an dá leagan amach.

Cuirtear gníomhaíochtaí na hOllscoile agus gníomhaíochtaí a foghnóthas uile ar áireamh le ráitis airgeadais chomhdhlúite UCC don bhliain 2018, a ullmhaíodh faoin gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis. Cuimsítear sna ráitis airgeadais seo freisin an ráiteas ar ioncam cuimsitheach agus an ráiteas ar staid airgeadais Chiste Iontaobhais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, rud atá comhdhlúite go hiomlán freisin. Leanann an Ollscoil le tacaíocht dhaonchairdiúil a fháil ó Cork University Foundation DAC (CUF), rud a bhfuil sí buíoch as. Cé go léirítear sna ráitis airgeadais na hidirbhearta uile a rinneadh idir UCC agus CUF, ní comhdhlúite atá ráitis airgeadais CUF é féin. Tá siad ceangailte le ráitis airgeadais fhoirmiúla UCC, áfach.

**Buaicphointe na Bliana Airgeadais - Athnuachan Ionaid Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann**

Príomh-bhuaicphointe sa bhliain 2018 ba ea athnuachan ceithre cinn de Dhámhachtainí Ionaid Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann de chuid UCC mar chuid de Chlár Ionaid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Mar thoradh ar an tacaíocht sin, beidh leanúnachas taighde ann agus cinnteofar go rannchuideoidh UCC go mór le taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta.

**Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach**

Mhéadaigh Ioncam Iomlán don bhliain faoi €17.3m go €417.6m. Mar thoradh air sin, gineadh Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímheas agus Amúchadh (EBITDA) ab fhiú €13.98m. Is méadú €4.5m é sin i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht sa bhliain 2017. Tar éis EBITDA, ba é easnamh €1.2m an glantoradh don bhliain.

Lean sruthanna ioncaim státchiste ar aghaidh ag laghdú mar chéatadán den ioncam foriomlán agus ní raibh aon athrú ann ar dheontais stáit, a bhí cothrom le 12% den ioncam iomlán. Meastar go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh in éagmais aon chinnteachta faoin tsamhail chistiúcháin a úsáidfear don earnáil sa todhchaí.

Chun cúiteamh a dhéanamh, leanann an Ollscoil ar aghaidh ag éagsúlú agus ag fás foinsí ioncaim neamh-státchiste. Leanann an Ollscoil le díriú ar an staid sin a fheabhsú chun a chinntiú go nginfidh sí acmhainní leordhóthanacha le haghaidh inbhuanaitheacht fhadtéarmach.

**Ioncam**

Tháinig méadú ar tháillí mac léinn sa bhliain 2017/18 mar thoradh ar an méadú leantach a bhí ann sa líon mac léinn a bhí ag freastal ar an Ollscoil agus mar thoradh ar an méadú iarmhartach a bhí ann i suim na dtáillí a fuarthas.

Den tsuim €142.3m a fuarthas ó tháillí acadúla, d'íoc an tÚdarás um Ard-Oideachas €45.3m thar ceann mic léinn fochéime ón Aontas Eorpach. Is méadú €1.6m é sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe, rud a léiríonn an líon méadaithe mac léinn ón Aontas Eorpach. Ghin an Ollscoil an tsuim €97m atá fágtha ó líon méadaithe mac léinn idirnáisiúnta a bheith ann ag leibhéal fochéime agus ag leibhéal iarchéime araon.

Aistríodh suim bhreise €0.7m d'ioncam nár gineadh ón státchiste chuig an gcuntas Rialaithe Pinsin mar ranníocaíocht ó UCC don bhliain 2017/18, rud a léiríonn an comhaontú ar thángthas air i mí Dheireadh Fómhair 2016 maidir le Blianta Breise Pinsin.

Bhí na táillí féinghinte sin €3.8m/4% níos airde ná toradh na bliana roimhe, rud a léiríonn go bhfuil an Ollscoil ag tabhairt tús áite dá hacmhainní dílse a ghiniúint chun inbhuanaitheacht airgeadais a chinntiú.

Ba as ioncam taighde d'ioncam €94.8m sa bhliain. Ba mhéadú dearfach €1.7m é sin ón mbliain 2016/17.

Maidir le hioncam eile, a bhí cothrom le €56.2m, áirítear leis bliain iomlán d'ioncam Fhoras Bainistíochta na hÉireann den chéad uair riamh ó ceannaíodh é sa bhliain 2016. Chuir sé sin €15.6m le hioncam foriomlán na hOllscoile, agus ghin na fochuideachtaí eile láimhdeachas a bhí cothrom le €14m.

**Caiteachas**

Maidir le hathbhunú pá, le méaduithe pá, leis an méadú in earcaíocht agus leis an scor de reonna incrimintí, chuir siad go léir leis an méadú i gCostais Phá sa bhliain 2017/18 do bhaill foirne chistithe agus do bhaill foirne neamhchistithe araon. Tháinig méadú €9.6m ar chostais phá mar thoradh ar na bearta sin.

Ar áireamh i gcostais phinsin tá muirear €3.8m a bhaineann le hairgead a fuarthas ón Údarás um Ard-Oideachas chun na cuntais rialaithe pinsin a chistiú. Tá creidmheas den tsuim chéanna ann in ioncam oibriúcháin eile.

Bhí speansais oibriúcháin eile €3.5m/3.9% níos airde ná an bhliain roimhe. D'eascair sé sin go príomha as méaduithe i ngníomhaíocht taighde, agus bhí méadú comhfhreagrach ann in ioncam taighde. Ar na tosca eile bhí infheistíocht i dteicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide le tacaíocht ón mBanc Eorpach Infheistíochta agus costais ghinearálta oibriúcháin.

**Ráiteas ar Staid Airgeadais**

**Sócmhainní seasta**

Léiríonn an méadú i sócmhainní sa bhliain 2017/18 an leas atá ag an Ollscoil i bhFoirgneamh na Stuaice Thiar i bPlás Nano De Nógla, áit a n-óstálann an Ollscoil, i gcomhpháirt le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí, a clár ailtireachta fochéime agus an leas atá ag an Ollscoil i bhforbairt leanúnach Fhoirgneamh an Mhoil, rud atá á chistiú ag an mBord Eorpach Infheistíochta.

B'ionann agus €10.2m costas an trealaimh a caipitlíodh sa bhliain. Ba le taighde go príomha a bhain an trealamh sin. B'ionann agus €23.3m an muirear dímheasa don bhliain. Ní raibh aon diúscairtí suntasacha ann sa bhliain.

**Infheistíochtaí**

Baineann na hinfheistíochtaí leis na hinfheistíochtaí a bhí i seilbh Chiste Iontaobhais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, amhail an 30 Meán Fómhair 2018. Tá an ciste ina fhoinse luachmhar ioncaim chun duaiseanna agus scoláireachtaí a chistiú ar fud raon leathan clár. Tháinig méadú €4.5m ar luach an chiste sna cúig bliana is déanaí, rud atá ag giniúint meántoradh infheistíochta in aghaidh na bliana atá cothrom le 7.8%.

**Féichiúnaithe**

Tháinig méadú €3m ar fhéichiúnaithe ó bhliain go bliain. Cé gur tháinig méadú ar an ioncam ó tháillí, is amhlaidh gur seasta fós atá an fiachas táillí atá bainteach le mic léinn toisc go bhfuil Aontas na Mac Léinn ag tacú fós le táillí teagaisc a bhailiú.

Maidir leis an iarmhéid do dheontais agus conarthaí taighde atá infhaighte, tá sé €7.1m níos mó ná a bhí sé sa bhliain roimhe. Is amhlaidh sin go príomha toisc go raibh méadú ann in ioncam taighde agus toisc gur fritháiríodh é le méadú comhchosúil in ioncam taighde a fuarthas roimh ré.

B'ionann agus €1.1m na deontais chaipitil stáit a bhí infhaighte ón Údarás um Ard-Oideachas maidir le PRTLI 5. B'ionann iad agus €4.4m anuraidh.

**Infheistíochtaí sócmhainní reatha agus Airgead sa bhanc**

Tá airgead sa bhanc agus infheistíochtaí gearrthéarmacha cothrom le €61.7m. Is é an príomhrud taobh thiar den mhéadú sin ná tarraingt anuas iasachtaí an dara tráinse ón mBanc Eorpach Infheistíochta, cistiú taighde a fuarthas roimh ré, agus uainiú an chaiteachais ghaolmhair.

**Creidiúnaithe: Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin**

Tháinig méadú ar chreidiúnaithe a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin, ó €185.2m go €208.8m. Is í an phríomhchúis leis an méadú ná gur tháinig méadú €13.6m ar iasachtaí gearrthéarmacha bainc toisc gur athraíodh na hiasachtaí bainc a bhí ann cheana ó iasachtaí fadtéarmacha ina n-iasachtaí gearrthéarmacha sa bhliain.

Tháinig méadú ar chreidiúnaithe trádála le linn na bliana ó €5.5m go €6.7m.

Maidir leis an méadú €9.9m i ndeontais agus conarthaí taighde roimh ré agus táillí acadúla a fuarthas roimh ré, tá sé ag brath go mór ar uainiú na bhfáltas sin agus ar an gcaiteachas gaolmhar.

## TUARASCÁIL AN CHISTEORA OINIGH

AR NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - AN BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2018

**Creidiúnaithe: Suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin**

Tháinig méadú €25.5m ar an iarmhéid sin i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Ba í an phríomhchúis leis sin ná méadú sa ghné fhadtéarmach den dara tráinse de shaoráid iasachta na hOllscoile ón mBord Eorpach Infheistíochta (€35m), rud a chistíonn a clár caipitil. Fritháirítear é le haisíoc leanúnach na n-iasachtaí a bhí ann cheana.

Tá na hiasachtaí iomlána laistigh de na teorainneacha Creat Iasachtaí ar shocraigh an tÚdarás um Ard-Oideachas iad agus tá siad ag cloí go hiomlán le cúnaint bhaincéireachta. Is leagtha amach i Nóta 23 atá mionsonraí iomlána faoi na hiasachtaí bainc uile agus na hiarmhéideanna ag an 30 Meán Fómhair 2018.

**Cúlchistí srianta agus neamhshrianta**

Is ionann na cúlchistí srianta agus neamhshrianta ag an 30 Meán Fómhair 2018 agus €239.2m, figiúr atá €1.2m níos ísle ná a bhí sé sa bhliain 2017 mar thoradh ar an easnamh a tabhaíodh sa bhliain.

**Achoimre**

Bliain rathúil eile don Ollscoil a bhí sa bhliain 2017/18. Lean an líon mac léinn fochéime agus iarchéime ar aghaidh ag fás, d'ainneoin na ndeacrachtaí cistiúcháin atá ann ar leibhéal náisiúnta.

Lean an t-ioncam taighde ar aghaidh ag éagsúlú agus ag fás, go háirithe sna réimsí sin a gcistíonn Fondúireacht Eolaíochta Éireann iad. Mar thoradh air sin, cuireadh feabhas breise ar cháilíocht fhoriomlán an oideachais a thairgtear do mhic léinn.

Chomh maith leis sin, lean an Ollscoil le Foras Bainistíochta na hÉireann a chomhtháthú isteach i ngníomhaíochtaí gnó UCC tar éis an Foras a cheannach sa bhliain 2016. Tá feidhmíocht airgeadais an Fhorais ag leanúint le cur le feidhmíocht an Ghrúpa.

Is cúis díomá í nár thug an rialtas breac-chuntas go fóill ar a phleananna le haghaidh samhail chistiúcháin sa todhchaí don Ardoideachas in Éirinn, cé gur foilsíodh an tuarascáil ón Sainghrúpa um Chistiú san Ardoideachas (Tuarascáil Cassells) trí bliana ó shin. Leanann an neamhghníomhaíocht sin ar aghaidh ag cur inbhuanaitheacht fhadtéarmach i mbaol.

Mar an gcéanna, tá an laghdú i dtacaíocht caipitil ina mhórúdar imní fós, mar a luadh anuraidh. Sa tsamhail reatha chistiúcháin athfhilltigh, táthar ag déanamh talamh slán de thacaíocht leantach ón státchiste do riachtanais leanúnacha ó thaobh athchóirithe, cothabhála agus acmhainn bonneagair de. Mura mbíonn na deontais chaipitil ann, rachfar i bhfeidhm go mór ar an éileamh déimeagrafach sa todhchaí a chomhlíonadh. Is amhlaidh sin mar nach ndéanfaidh an leibhéal cistiúcháin athfhilltigh a sholáthraítear do mhic léinn na hiasachtaí a theastaíonn chun infheistíocht i mbonneagar bunriachtanach a chistiú a chothú.

Teastaíonn samhail nua inbhuanaithe chistiúcháin don earnáil go práinneach chun cur ar chumas UCC a ról a chomhlíonadh maidir le tacú le forbairt eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta an réigiúin agus shochaí na hÉireann.

An Dr Dermot O'Mahoney,
Cisteoir Oinigh
29 Deireadh Fómhair 2019

## RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN CHOMHLACHTA CEANNAIS

Ceanglaítear ar an gComhlacht Ceannais cloí le hAcht na nOllscoileanna, 1997, agus gach cuntas cuí agus iondúil a choinneáil ar an airgead a fhaigheann agus a chaitheann sí i cibé foirm a cheadóidh an tÚdarás um Ard-Oideachas.

Tá freagracht ar an gComhlacht Ceannais as a chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais léargas fírinneach cóir ar staid ghnóthaí na hOllscoile agus ghrúpa na hOllscoile agus barrachas nó easnamh ghrúpa na hOllscoile don tréimhse.

Maidir leis na ráitis airgeadais sin a ullmhú, ceanglaítear ar an gComhlacht Ceannais:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Ollscoil ag feidhmiú.

Tá an Comhlacht Ceannais freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád, ina nochtar go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na hOllscoile agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn a ráitis airgeadais le hAcht na nOllscoileanna, 1997, agus leis an Ráiteas ar Chleachtas Molta Cuntasaíochta d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais agus go n-ullmhaítear iad de réir FRS 102 - "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Tá an Comhlacht Ceannais freagrach as a chinntiú go ndéantar gnó na hOllscoile ar bhealach cóir agus rialta agus as gach sócmhainn atá faoina rialú oibriúcháin a chosaint agus, ar an ábhar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Ceannais:

| | |
|---|---|
| **An tOllamh Patrick O'Shea** | **An Dr Catherine Day** |
| **Uachtarán** | **Cathaoirleach Chomhlacht Ceannais UCC** |

Dáta: 29 Deireadh Fómhair 2019

**Deloitte.**

Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht
Iniúchóireachta Reachtúla

## TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO CHOMHLACHT CEANNAIS CHOLÁISTE NA hOLLSCOILE, CORCAIGH

### Tuarascáil ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

### Tuairim ar ráitis airgeadais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh

Is é seo a leanas an tuairim atá againn ar ráitis airgeadais an ghrúpa agus na hollscoile:

- go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an ghrúpa agus na hollscoile amhail an 30 Meán Fómhair 2018 agus ar easnamh an Ghrúpa don bhliain airgeadais dar críoch an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir an chreata ábhartha tuairiscithe airgeadais.

Tá na ráitis airgeadais a d'iniúchamar comhdhéanta díobh seo:

ráitis airgeadais an ghrúpa agus na hollscoile:
- an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach;
- an Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar Athruithe i gCúlchistí;
- an Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar Staid Airgeadais;
- an Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 36, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta mar atá leagtha amach i nóta 1.

Is é an creat ábhartha tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn ullmhú ráitis airgeadais an ghrúpa agus na hollscoile ná Acht na nOllscoileanna, 1997, FRS 102 - "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus an Ráiteas ar Chleachtas Molta ("SORP") - Cuntasaíocht d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais arna ghlacadh go deonach ag an ollscoil ('an creat ábhartha tuairiscithe airgeadais').

### Bonn na tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Maidir leis na freagrachtaí atá orainn faoi na caighdeáin sin, tá cur síos déanta orthu thíos sa rannán *"Freagrachtaí na n-iniúchóirí as na ráitis airgeadais a iniúchadh"* den tuarascáil uainn.

Táimid neamhspleách ar an ngrúpa agus an ollscoil i gcomhréir leis na ceanglais eiticiúla atá ábhartha dár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn i gcomhréir leis na ceanglais sin. Creidimid gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar chun bonn a thabhairt dár dtuairim.

***Béim ar Ábhar - Aithint Shócmhainní na Scéime Pinsean***
Le linn dúinn teacht ar ár dtuairim, bhreithníomar leorgacht an nochta a rinneadh i Nóta 32 leis na ráitis airgeadais maidir le sócmhainn atá coibhéiseach le dliteanais phinsin na hollscoile a aithint. Aistríodh sócmhainní na Scéime Dúnta chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean agus is amhlaidh, faoi alt 12(6) den Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, go slánóidh an tOireachtas aon easnamh a thiocfaidh aníos mura leor comhiomlán ranníocaíochtaí na mball agus na bhfostóirí arna n-íoc leis an ollscoil nó arna dtarraingt siar aici chun freastal ar na hoibleagáidí atá ar an ollscoil na sochair sin a íoc i gcomhréir leis an scéim. Comhlíonann an Stát oibleagáidí 'scéim 2005' ar bhonn 'íoc-mar-a-théitear', ag teacht sna sála ar aistriú shócmhainní na scéime chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean sa bhliain 2009. Aithníodh sócmhainn atá coibhéiseach le dliteanas pinsin 'scéim 2005' sna ráitis airgeadais mar chuid dá sócmhainn fhoriomlán cistiúcháin phinsin iarchurtha. Ag an 30 Meán Fómhair 2018, b'ionann an tsócmhainn pinsin agus €1,478m. Mar thoradh ar a thábhachtaí atá na hábhair sin, measaimid gur cheart d'aird a tharraingt orthu. Níl ár dtuairim mionathraithe ina leith sin.

**Deloitte.**

## TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO CHOMHLACHT CEANNAIS CHOLÁISTE NA hOLLSCOILE, CORCAIGH

**Conclúidí maidir le gnóthas leantach**

Níl aon rud le tuairisciú againn i leith na n-ábhar seo a leanas a gceanglaítear orainn leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (Éire) tuairisc a thabhairt duit orthu:

- i gcás nach cuí atá an úsáid a bhain an comhlacht ceannais as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta nuair a bhí na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige; nó
- i gcás nár nocht an comhlacht ceannais sna ráitis airgeadais aon éiginnteachtaí ábhartha sainaitheanta a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an ghrúpa nó na hollscoile leanúint le bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a ghlacadh ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

**Faisnéis eile**

Tá an comhlacht ceannais freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear san fhaisnéis eile an fhaisnéis atá ar áireamh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite, seachas na ráitis airgeadais agus ár dtuarascáil iniúchóirí orthu sin. Ní chumhdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, seachas a mhéid a luaitear a mhalairt go follasach inár dtuarascáil, ní chuirimid aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá freagracht orainn an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh agus, le linn dúinn é sin a dhéanamh, a mheas cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a ghnóthaíomar le linn ár n-iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Má shainaithnímid aon neamhréireachtaí ábhartha nó aon mhíráitis ábhartha dhealraitheacha den sórt sin, ceanglaítear orainn a chinneadh cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh gurb ann do mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó do mhíráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orainn an fíoras sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith sin.

**Freagrachtaí an chomhlachta ceannais.**

Mar atá mínithe ar bhealach níos mine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Chomhlachta Ceannais, tá an comhlacht ceannais freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a bheith deimhin de go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu agus as cibé rialú inmheánach a mheasann an comhlacht ceannais a bheith riachtanach a chur i bhfeidhm ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige, tá freagracht ar an gcomhlacht ceannais as cumas an ghrúpa agus na hollscoile chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach a mheasúnú, agus é ag nochtadh ábhair a bhaineann le gnóthas leantach, de réir mar is cuí, agus ag úsáid bhonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta, seachas i gcás go bhfuil sé beartaithe ag an gcomhlacht ceannais an grúpa nó an ollscoil a leachtú nó scor d'oibríochtaí nó i gcás nach bhfuil aon rogha réalaíoch eile aige ach déanamh amhlaidh.

**Deloitte.**

## TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO CHOMHLACHT CEANNAIS CHOLÁISTE NA hOLLSCOILE, CORCAIGH

### Freagrachtaí na n-iniúchóirí as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is iad na cuspóirí atá againn ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus tuarascáil iniúchóirí a eisiúint ina gcuirtear ár dtuairim ar áireamh. Cé gur ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ní ráthaíonn sé go mbraithfear míráiteas ábhartha, i ngach cás inarb ann dó, nuair a dhéantar iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire). Is féidir le míráitis teacht chun cinn as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha i gcás gurb amhlaidh, ina n-aonar nó i dteannta míráiteas eile, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar na cinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais lena mbaineann.

Mar chuid d’aon iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire), bainimid leas as breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar fud an iniúchta. Chomh maith leis sin, déanaimid na nithe seo:

- Déanaimid sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide; ceapaimid nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirimid i bhfeidhm iad; agus faighimid fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt dár dtuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d’aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaímid tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá córas rialaithe inmheánaigh an ghrúpa agus na hollscoile.
- Déanaimid meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar a rinne an comhlacht ceannais.
- Déanaimid cinneadh ar a chuí atá an úsáid a bhain an comhlacht ceannais as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, déanaimid cinneadh ar cé acu is ann nó nach ann d’éiginnteacht ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d’fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an ghrúpa agus na hollscoile leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnimid gurb ann d’éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orainn aird a tharraingt inár dtuarascáil iniúchóirí ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, i gcás nach leor an nochtadh sin, ceanglaítear orainn ár dtuairim a athrú. Tá ár gcinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta na tuarascála iniúchóirí. Mar sin féin, d’fhéadfadh eachtraí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara go scoirfeadh an t-eintiteas (nó an grúpa, nuair is cuí) de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaimid meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.
- Faighimid go leor fianaise iniúchóireachta cuí maidir le faisnéis airgeadais na ngníomhaíochtaí gnó laistigh den ghrúpa chun tuairim a thabhairt ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite. Tá iniúchóir an ghrúpa freagrach as treo, maoirsiú agus feidhmíocht an iniúchta ar an ngrúpa. Tá iniúchóir an ghrúpa ina aonar freagrach as an tuairim iniúchóireachta.

Téimid i dteagmháil leo sin a bhfuil freagrachtaí rialachais orthu as raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus as fionnachtana suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha ar an rialú inmheánach a shainaithníonn an t-iniúchóir le linn an iniúchta, i measc ábhair eile.

- Déantar an tuarascáil seo do Chomhlacht Ceannais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, amháin, de réir ár litreach fostaíochta. Thugamar faoinár n-obair iniúchóireachta chun go bhféadfaimis tuairisc a thabhairt do ghobharnóirí na hollscoile ar na hábhair sin a gceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt dóibh orthu i dtuarascáil iniúchóirí, agus ní ar chúis ar bith eile. A mhéid a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid le freagracht d’aon duine ná ní ghabhaimid aon fhreagracht orainn féin d’aon duine, ach amháin don ollscoil agus do ghobharnóirí na hollscoile mar chomhlacht, maidir lenár n-obair iniúchóireachta don tuarascáil seo ná leis na tuairimí atá déanta againn.

## TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO CHOMHLACHT CEANNAIS CHOLÁISTE NA hOLLSCOILE, CORCAIGH

**Tuairisc a thabhairt ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile**

**Ábhair a cheanglaítear orainn a thuairisciú trí eisceacht**

Níl aon ní le tuairisciú againn i leith fhorálacha Chód Rialachais Ollscoileanna na hÉireann, rud lena gceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt más amhlaidh, inár dtuairim, nach ag teacht le comhlíonadh fhorálacha ábhartha an Chóid ag an ollscoil atá an ráiteas ar rialú inmheánach a cheanglaítear le Cód Rialachais Ollscoileanna na hÉireann a dhéantar sa Ráiteas ar Rialachas agus Rialú Inmheánach agus nach bhfuil sé comhsheasmhach ach oiread leis an bhfaisnéis ar a bhfuilimid eolach ónár n-obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais.



Honor Moore
Le haghaidh agus thar ceann Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil
Uimh. 6 Cé an Lapaigh, Corcaigh, Éire.

Dáta: 

Nótaí: Ní thugann iniúchadh aon dearbhú maidir le cothabháil ná sláine an tsuímh Ghréasáin, lena n-áirítear na rialuithe a úsáidtear ina leith sin. Ní thugann sé aon dearbhú ach oiread maidir le cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh aon athruithe ar na ráitis airgeadais ó foilsíodh ar dtús iad. Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as na hábhair sin, ach ní féidir le haon nósanna imeachta rialaithe dearbhú iomlán a thabhairt ina leith.

Ní hionann an reachtaíocht in Éirinn lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile.

## RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

**Ráiteas ón gComhlacht Ceannais i dtaca le freagracht agus comhlíonadh**
Deimhníonn Comhlacht Ceannais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, go bhfuil sé freagrach as a chinntiú go bhfuil an Ollscoil ag comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla go léir is infheidhme maidir leis an Ollscoil agus a leagtar amach sa reachtaíocht lena rialaítear bunú na hOllscoile. Deimhníonn sé freisin gur deimhin leis go bhfuil an Ollscoil ag comhlíonadh na n-oibleagáidí sin agus, a mhéid is fearr is eol dó agus a chreideann sé, go bhfuil sí ag comhlíonadh na n-oibleagáidí sin a leagtar amach in aon reachtaíocht ábhartha eile.

**Cód Rialachais**
Sa bhliain 2006, tháirg an tÚdarás um Ard-Oideachas Cód Rialachais don earnáil Ollscoile inar leagadh amach socruithe rialachais dea-chleachtais d'Ollscoileanna na hÉireann. Sa chód sin, beartaíodh tréimhse trasdula trí bliana ar lena linn a d'aistreodh an earnáil ón gcleachtas a bhí ann sa bhliain 2007 chuig an gcumraíocht mholta. I mí Feabhra 2007, ghlac Comhlacht Ceannais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, Cód Rialachais Ollscoileanna na hÉireann go foirmiúil. Ina theannta sin, chuir sé tús le próiseas a raibh sé i gceist leis na próisis agus na nósanna imeachta riachtanacha a chur chun feidhme chun comhlíonadh iomlán a chinntiú thar an tréimhse ón mbliain 2007 go dtí an bhliain 2010.

Eisíodh leagan athbhreithnithe de Chód Rialachais Ollscoileanna na hÉireann i mí na Nollag 2012. Athraíodh an cód chun dáta sa leagan sin, lenar áiríodh an dearbhú rialachais bliantúil a chónascadh leis an ráiteas ar rialú inmheánach chun Ráiteas ar Rialachas agus Rialú Inmheánach a chruthú. Rinne an Comhlacht Ceannais an leagan athbhreithnithe de Chód Rialachais Ollscoileanna na hÉireann a cheadú an 19 Meitheamh 2012. Bíonn an Ollscoil ag comhlíonadh an Chóid Rialachais Ollscoileanna 2012 agus déanann sí teagmháil ghníomhach, trí Chumann Ollscoileanna Éireann, leis an Údarás um Ard-Oideachas i leith Cód Rialachais athbhreithnithe a fhorbairt don earnáil.

**Saincheisteanna Ginearálta Rialachais agus Cuntasachta**
Oibríonn an Ollscoil faoi réir creat cuimsitheach reachtach agus reachtúil, lena n-áirítear Acht na nOllscoileanna, 1997, Príomh-Reacht na hOllscoile, sraith Rialachán Comhlachta Ceannais lena rialaítear go sonrach seoladh ghnó an Chomhlachta Ceannais, ceapadh, roghnú agus earcú chuig an gComhlacht Ceannais agus gach nós imeachta earcaíochta de chuid na hOllscoile.

Ón taobh acadúil de, bainistítear an Ollscoil trí cheithre Choláiste, a bhfuil sraith shonrach Rialacha Coláiste ag gach ceann díobh, i gcomhréir le Príomh-Reacht na hOllscoile.

Leis an mBeartas um Údarás Sínithe agus Ceadú, tugtar treoir do bhaill foirne agus oifigigh na hOllscoile i dtaca le foinsí cuí ceadaithe agus leis an gcumas chun an Ollscoil a chur i gconarthaí. Athbhreithníodh an Beartas um Údarás Sínithe agus Ceadú sa bhliain 2016 agus cheadaigh an Comhlacht Ceannais é i mí Feabhra 2016. I mbeagán focal, tá creat cuimsitheach rialachais i bhfeidhm ag an Ollscoil, rud atá riachtanach le haghaidh institiúid mhór chasta a rialú agus a bhainistiú.

Níl aon saincheisteanna sonracha rialachais nó cuntasachta ann nach mór béim a leagan orthu sa Ráiteas seo ar Rialachas agus Rialú Inmheánach.

**Freagracht an Chomhlachta Ceannais as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh**
Admhaíonn an tUachtarán go bhfuil an Comhlacht Ceannais freagrach as córas rialaithe inmheánaigh na hOllscoile, agus go gceanglaítear leis an ráiteas seo go bhfaightear ceadú foirmiúil an Chomhlachta Ceannais, rud a fuarthas an 5 Feabhra 2019.

**Dearbhú Réasúnta in aghaidh Earráid Ábhartha**
Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha le bainistiú a dhéanamh, agus ní scor a dhéanamh, ar an riosca nach mbainfear aidhmeanna agus cuspóirí amach agus nach gcuirfear gnóthaí Ollscoile i gcrích ar bhealach slachtmhar agus dlisteanach. Maidir leis sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraithfí iad go tráthúil.

**Cód Iompair do Chomhaltaí**
Rinne Comhlacht Ceannais UCC Cód Iompair do Chomhaltaí den Chomhlacht Ceannais agus de Choistí an Chomhlachta Ceannais a cheadú an 28 Deireadh Fómhair 2008. Tá sé ar áireamh anois i Rialachán lena rialaítear Seoladh Ghnó an Chomhlachta Ceannais. Athraíodh an Rialachán sin chun dáta sa bhliain 2016.

## RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

**Cód Iompair d'Fhostaithe**
Comhaontaíodh Cód Iompair d'Fhostaithe leis na Ceardchumainn agus cheadaigh an Comhlacht Ceannais é i mí Aibreáin 2009. Tá beartais i bhfeidhm lena rialaítear iompar na foirne. Is leis an gconradh fostaíochta a rialaítear iompar na foirne go príomha. Ceanglaítear ar fhostaithe cloí le raon beartas agus tá sonraí faoi na beartais sin ar áireamh i bpaca tionscnaimh a eisítear d'fhostaithe nua in éineacht lena gconradh fostaíochta. Chomh maith leis sin, tá siad mar chuid den chlár ionduchtaithe do bhaill foirne nua. Tá beartais Acmhainní Daonna UCC ar fáil ar shuíomh Gréasáin UCC. Cuirtear nasc Gréasáin leis na beartais sin ar fáil sa chonradh fostaíochta. Tá beartais choinbhleachta leasa agus eitic in oifigí poiblí i bhfeidhm freisin. Tá an beartas maidir le Coinbhleacht Leasa á athrú chun dáta faoi láthair.

**Forbairtí Suntasacha ó thaobh Airgeadais de –**
Níorbh ann d'aon fhorbairtí suntasacha airgeadais a chuaigh i bhfeidhm ar UCC sa bhliain 2017-2018.

*Deimhniú staid airgeadais na hOllscoile.*
Leanann an Ollscoil le hoibriú ar bhealach inbhuanaithe.

**Pá**
Dearbhaíonn UCC go bhfuiltear ag comhlíonadh an bheartais Rialtais maidir le pá.

Déantar sonraí faoi gach íocaíocht iomarcaíochta a thabhairt don Phríomh-Oifig Staidrimh ar bhonn ráithiúil. I gcás go dtagann cás iomarcaíochta chun cinn, faightear cead ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sula bpróiseálfaí íocaíocht ex gratia.

**Tuairisciú Airgeadais**
Dearbhaíonn an Ollscoil gur i bhfeidhm atá na nósanna imeachta cuí go léir le haghaidh na ráitis airgeadais bhliantúla a tháirgeadh.

**Forbairt an Champais**
Chuir an Ollscoil plé le tríú páirtithe i gcrích maidir le spá breise a cheannach, rud a chruthóidh ceangaltais léasa airgeadais a bheidh cothrom le thart ar €13m sa todhchaí.

**Iontaobhais agus Fondúireachtaí**
Táthar ag comhdhlúthú Chistí Iontaobhais na hOllscoile sna ráitis airgeadais ón mbliain 2016 i leith. De bhreis air sin, cuirtear ar áireamh sna ráitis airgeadais anois nóta nochta iomlán i dtaca le Fondúireacht Ollscoil Chorcaí.

**Iniúchóireacht Inmheánach**
Oibríonn an Ollscoil feidhm neamhspleách Iniúchóireachta Inmheánaí a thuairiscíonn do Choiste Iniúchta na hOllscoile (coiste de chuid an Chomhlachta Ceannais). Athraíodh an Chairt Iniúchóireachta Inmheánaí chun dáta ar aon dul le Cód an Údaráis um Ard-Oideachas agus leis an leagan leasaithe den Chreat Idirnáisiúnta um Chleachtais Ghairmiúla. Cheadaigh an Coiste Iniúchta í an 5 Bealtaine 2017.

Déanann an fhoireann Iniúchóireachta Inmheánaí clár bliantúil um iniúchtaí rioscabhunaithe. Cheadaigh Coiste Iniúchta na hOllscoile an plean bliantúil seo. Le linn di tionscadail iniúchóireachta inmheánaí a sheoladh, cloíonn Oifig Iniúchóireachta Inmheánaí UCC leis an gCreat Idirnáisiúnta um Chleachtais Ghairmiúla arna fhógairt ag Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha. Cheadaigh Coiste Iniúchta UCC plean bliantúil 2018 an 19 Eanáir 2018.

**Soláthar**
Deimhníonn an Ollscoil gur cuireadh na nósanna imeachta soláthair atá i bhfeidhm in iúl don fhoireann ar fad agus, a mhéid is fearr is eol do UCC agus a chreideann sé, deimhníonn an Ollscoil go leanann an Ollscoil ar aghaidh ag déanamh dianiarracht comhlíonadh na nósanna imeachta sin a chinntiú ar gach bealach ábhartha.

Is féidir le UCC a dheimhniú go ndéanann sé dianiarracht mar eagraíocht cloí le treoirlínte náisiúnta soláthair, go bhfuiltear ag comhlíonadh nósanna imeachta cuí le haghaidh soláthair agus go bhfuiltear ag cloí, i gcás inarb iomchuí, le cur chun feidhme na Straitéise Soláthair Chorparáidigh.

(i) **Neamhchomhlíonadh Soláthair:**
Maidir leis an gcaiteachas ar fad os cionn €25,000, ní mór é a chur in iúl don Oifigeach Soláthair chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte soláthair go hiomlán.

(ii) **Sonraí faoi Sholáthar Neamhchomhlíontach:**
Gnáthmhír ar chlár oibre an Choiste Airgeadais is ea soláthar.

## RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

Déanann an Ollscoil a dícheall cloí go hiomlán leis na treoirlínte náisiúnta soláthair trí údarás déabhlóidithe agus struchtúir thuairiscithe. B'ionann an caiteachas neamhchomhlíontach féindearbhaithe iomlán agus €1.67m sa bhliain 2017/18. Tá pleananna i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an gcaiteachas sin sa bhliain atá le teacht.

(ii) **Plean Soláthair Chorparáidigh:**
Deimhníonn UCC go bhfuil na beartais agus nósanna imeachta iomchuí uile maidir le soláthar i bhfeidhm aige agus go bhfuil Straitéis Soláthair (Plean Soláthair Chorparáidigh) i bhfeidhm aige freisin. Tá na nithe sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin UCC. Chuir UCC an Plean Soláthair Ilbhliantúil uaidh faoi bhráid na Seirbhíse um Sholáthar Oideachais i mí na Samhna 2018.

(iii) **An Oifig um Sholáthar Rialtais:**
Cloíonn UCC go hiomlán le húsáid sheirbhísí na hOifige um Sholáthar Rialtais/na Seirbhíse um Sholáthar Oideachais agus úsáideann sé na creataí uile uathu nuair is gá agus nuair a fhreastalaíonn siad go cuí ar riachtanais UCC.

**Diúscairtí Sócmhainní**
Is le nósanna imeachta na hOllscoile, a chuirtear in iúl do gach ball foirne, a rialaítear diúscairt shócmhainní na hOllscoile chuig tríú páirtithe agus chuig fostaithe. Táthar ag tabhairt faoi gach nós imeachta cuí le haghaidh diúscairt sócmhainní.

Maidir le diúscairt sócmhainní Ollscoile chuig tríú páirtithe nó le rochtain a dheonú ar réadmhaoin nó bonneagar le haghaidh socruithe tráchtála le tríú páirtithe atá os cionn na tairsí €150,000, cuireadh iad faoi cheant nó faoi phróiseas tairiscintí iomaíocha.

**Treoirlínte maidir le Tograí Caipitil a Mheasúnú agus a Bhainistiú**
Deimhníonn an Ollscoil go bhfuil próiseas i bhfeidhm chun éascú a dhéanamh ar chomhlíonadh na dTreoirlínte maidir le Tograí Caipitil a Mheasúnú agus a Bhainistiú arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais i mí Feabhra 2005. Táthar ag cloí, i gcás inarb iomchuí, leis na Treoirlínte maidir le Tograí Caipitil a Mheasúnú agus a Bhainistiú.

**Beartas Taistil**
Tá beartas taistil agus nósanna imeachta gaolmhara i bhfeidhm ag UCC. Tá an beartas agus na nósanna imeachta ar fáil don fhoireann ar fad ar shuíomh Gréasáin na hOllscoile.

Nuair a bhí an beartas agus na nósanna imeachta á bhforbairt, tugadh aird ar na ceanglais atá i gciorcláin taistil ón Roinn Airgeadais agus ar cheanglais na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le speansais fostaithe. Tá a bheartas taistil féin atá bunaithe ar speansais dhearbhaithe i bhfeidhm ag UCC, agus aird á tabhairt ar rátaí míleáiste na Roinne Airgeadais.

**Na Treoirlínte maidir le Luach ar Airgead a Bhaint Amach i gCaiteachas Poiblí**
A mhéid is fearr is eol di agus a chreideann sí, chloígh an Ollscoil leis na Treoirlínte maidir le Luach ar Airgead a Bhaint Amach i gCaiteachas Poiblí arna leagan amach in aitheasc ón Aire Airgeadais an 20 Deireadh Fómhair 2005 agus arna gcur in iúl do na hollscoileanna.

**Dlíthe Cánach**
A mhéid is fearr is eol di agus a chreideann sí, tá an Ollscoil ag comhlíonadh dlíthe cánach go hiomlán agus tá sí tiomanta dá chinntiú go n-íoctar gach dliteanas cánach ar na dátaí dlite lena mbaineann.

**Easaontais Dlí**
Rinne an Ollscoil achomharc in aghaidh cinneadh ón gCoimisinéir Faisnéise go n-eiseofaí chuig páirtí seachtrach na sonraí faoin iasacht ón mBanc Eorpach Infheistíochta agus faoi gach ceann de shocruithe baincéireachta na hOllscoile. Tugadh breithiúnas i bhfabhar na hOllscoile in éisteacht Ard-Chúirte i mí Feabhra 2019.

**Tuairisciú de Mheon Macánta – an tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014**
Is féidir leis an Ollscoil a dheimhniú gur i bhfeidhm atá Beartas Sceithireachta atá i gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

Foilseofar tuarascáil bhliantúil sa bhliain 2019, le linn an tríú bliain atá an tUachtarán reatha i mbun oifige, nó sa bhliain 2020, nuair atá trí bliana den Phlean Straitéiseach imithe thart.

Bhí nochtadh cosanta amháin ann a bhí ar siúl ón mbliain roimhe agus fuarthas nochtadh cosanta eile.

**Cruinnithe an Chomhlachta Ceannais**
Reáchtáladh seacht [7] gcruinniú de chuid an Chomhlachta Ceannais sa bhliain acadúil 2017-2018.

## RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

**Cruinnithe an Choiste Iniúchta**
Tá Coiste Iniúchta de chuid an Chomhlachta Ceannais ann. Tháinig an Coiste Iniúchta seo le chéile seacht [7] n-uaire le linn na bliana airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018.

**Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Chomhlachta Ceannais**
Ag teacht sna sála ar phróiseas tairisceana, ceapadh an Foras Riaracháin i mí Mheán Fómhair 2018 chun Meastóireacht Sheachtrach Boird a dhéanamh ar an gComhlacht Ceannais. Cuireadh an Mheastóireacht sin faoi bhráid an Chomhlachta Ceannais nua an 4 Feabhra agus an 5 Feabhra 2019. Forbraíodh plean gníomhaíochta agus tá cur chun feidhme á dhéanamh ar na moltaí.

**Tuarastal an Uachtaráin**
B'ionann agus €193,444.70 olltuarastal an Uachtaráin le linn na bliana 2017-18.

**Sonraí a tugadh don Údarás um Ard-Oideachas**
Tá próisis i bhfeidhm go lárnach agus sna Coláistí chun a chinntiú gurb iomlán agus láidir atá na sonraí faoin líon mac léinn, rud a chuirtear faoi bhráid an Údaráis um Ard-Oideachas le haghaidh an príomhdheontas a ríomh agus a leithdháileadh. A mhéid ab fhearr ab fhéidir léi, dheimhnigh an ollscoil di féin gur láidir atá an líon foirne a thugtar don Údarás um Ard-Oideachas ar bhonn ráithiúil nó de réir mar is gá.

**Beartas Cosanta Leanaí**
D'athbhreithnigh an Ollscoil a Ráiteas ar Leanaí a Chumhdach chun go mbeadh sé ag teacht leis an Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Cheadaigh an Comhlacht Ceannais é agus tá sé ar fáil ar shuíomh Gréasáin UCC. Ainmníodh teagmhálaí iomchuí. Tá liosta ar fáil de na daoine sainordaithe. Cuireadh oiliúint ar bhaill foirne UCC freisin chun go mbeadh siad ar an eolas faoina n-oibleagáidí.

**Táillí agus Speansais**
Maidir leis na speansais a íoctar leis na comhaltaí den Chomhlacht Ceannais, tá siad i gcomhréir leis na treoirlínte ón Roinn Airgeadais agus cuirtear i láthair iad i dTuarascáil Bhliantúil na hOllscoile. B'ionann agus €4,468.00 na speansais iomlána a íocadh sa bhliain 2017/18.

**Fochuideachtaí agus leasanna i gcuideachtaí seachtracha**
(i) **Comhlíonadh théarmaí agus coinníollacha thoiliú an bhunaithe:**
Deimhníonn an Ollscoil go leanann gach fochuideachta de chuid na hOllscoile le hoibriú chun na críche ar cheadaigh an Comhlacht Ceannais í agus chun na críche sin amháin, agus go mbíonn siad ag comhlíonadh go hiomlán théarmaí agus coinníollacha an toilithe faoinar ceadaíodh iad.

(ii) **Cód Rialachais d'fhochuideachtaí trádála:**
Táirgeann gach fochuideachta ráitis airgeadais a ndéantar iniúchadh neamhspleách orthu agus a chuirtear ar áireamh i Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite UCC. Cuirtear ráitis airgeadais iniúchta reachtúla na bhfochuideachtaí i láthair an Choiste Airgeadais agus Choiste Iniúchta an Chomhlachta Ceannais. De bhreis air sin, cuirtear tuarascáil bhliantúil ó gach fochuideachta i láthair an Chomhlachta Ceannais. Seoladh próiseas tairisceana chun sainaithint a dhéanamh ar chomhairleoir seachtrach oiriúnach a chuirfeadh comhairle ar fáil maidir le lámhleabhar rialachais d'fhochuideachtaí na hOllscoile. Cuirfear an lámhleabhar rialachais d'fhochuideachtaí i bhfeidhm sa bhliain 2019.

**Athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach (an Comhlacht Ceannais agus an Coiste Iniúchta)**
Deimhníonn an Ollscoil go ndéanfaidh an Coiste Iniúchta agus/nó an Coiste Bainistíochta Riosca agus an Comhlacht Ceannais athbhreithniú ar an ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh chun a chinntiú go léirítear ann go cruinn an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

**Athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach (Iniúchóirí)**
Deimhníonn an Ollscoil go ndéanfaidh a hiniúchóirí athbhreithniú ar an ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh chun a chinntiú go léirítear ann go gcomhlíonann an Ollscoil na ceanglais i mír 1.9 (iv) BFRR agus go bhfuil sé comhsheasmhach leis an bhfaisnéis ar a bhfuil siad eolach óna n-obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais agus, i gcás nach amhlaidh atá, ba cheart don iniúchóir reachtúil tuairisc a thabhairt ar an ábhar sin sa tuarascáil iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais lena mbaineann.

**Príomhnósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm chun rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar**
(i) **Timpeallacht Rialaithe Chuí:**

## RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

Cumhdaíonn an córas rialaithe inmheánaigh gach rialú ábhartha, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, rialuithe oibriúcháin agus rialuithe comhlíonta agus córais bhainistíochta riosca a thacaíonn le haidhmeanna agus cuspóirí na hOllscoile a bhaint amach agus a chosnaíonn an pobal mar aon le cistí agus sócmhainní eile as a bhfuil an Ollscoil freagrach.

Admhaíonn Comhlacht Ceannais UCC go bhfuil freagracht air as córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Chun an fhreagracht sin a chomhlíonadh go héifeachtach, is ann do dhá bhuanchoiste phríomha de chuid an Chomhlachta Ceannais a thugann an dearbhú don Chomhlacht Ceannais maidir le rialachas, le riosca agus le rialú. Is iad sin:

Faoi tharmligean reachtúil ón gComhlacht Ceannais, déanann an Coiste Airgeadais maoirseacht ar bhainistíocht airgeadais na hOllscoile.

Déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú leanúnach ar oibriú agus éifeachtacht chórais bhainistíochta riosca na hOllscoile agus cuireann sé comhairle ar an gComhlacht Ceannais ina leith.

Déantar athbhreithniú seasmhach ar chóras rialaithe inmheánaigh na hOllscoile. Fágfaidh foilsiú an leagain athbhreithnithe den Chód Rialachais Ollscoileanna sa bhliain 2019 go mbeidh sé riachtanach athbhreithniú eile a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha.

Leanann an Ollscoil dá timpeallacht rialaithe inmheánaigh a athbhreithniú agus a fheabhsú de réir mar is gá chun a chinntiú go maolófar rioscaí ábhartha go leibhéal inghlactha.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha le bainistiú a dhéanamh, agus ní scor a dhéanamh, ar an riosca nach mbainfear aidhmeanna agus cuspóirí amach agus nach gcuirfear gnóthaí ollscoile i gcrích ar bhealach slachtmhar agus dlisteanach.

Áirítear iad seo a leanas leis na príomhghnéithe den chóras rialaithe inmheánaigh:

- Freagrachtaí bainistíochta atá sainithe go soiléir, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, údaráis tharmligthe fhoirmiúla agus seiceáil shamplach sonrasc agus íocaíochtaí;
- Beartais, nósanna imeachta agus rialacháin;
- Rialuithe logála isteach, próifíle, bainistíochta agus pasfhocail le haghaidh córais airgeadais a rochtain agus a úsáid;
- Próisis phleanála straitéisí;
- Córais phleanála, córais leithdháilte acmhainní agus córais rialaithe bhuiséadaigh a ndéantar faireachán orthu trí thuairisciú bainistíochta rialta, lena n-áirítear tuarascálacha míosúla a eisiúint do choinneálaithe buiséid, agus trí athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta le linn na bliana;
- Córais faisnéise chun tuairisciú bainistíochta tráthúil a chinntiú;
- Córas bainistíochta riosca lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta a rinneadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin;
- Cloí leis an mbeartas náisiúnta arna chur in iúl ag an Údarás um Ard-Oideachas agus ag ciorcláin agus teachtaireachtaí Roinne.

(ii) **Rioscaí Gnó**

Déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú leanúnach ar oibriú agus éifeachtacht chórais bhainistíochta riosca na hOllscoile agus cuireann sé comhairle ar an gComhlacht Ceannais ina leith.

Tá Coiste Bainistíochta Riosca i bhfeidhm freisin, a thuairiscíonn d'Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile agus don Choiste Iniúchta. Déantar na miontuairiscí sínithe ó gach cruinniú de chuid an Choiste Bainistíochta Riosca a scaipeadh ar an gCoiste Iniúchta agus ar Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile tar éis gach cruinnithe.

## RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

Tá Clár Rioscaí Ollscoile i bhfeidhm. Cuirtear é faoi athbhreithniú ag 6 chruinniú de chuid an Choiste Bainistíochta Riosca agus ag 2 Cheardlann Riosca d'Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile gach bliain. Pléitear Bainistíocht Riosca ar chlár oibre gach cruinnithe de chuid Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile [thart ar 26 chruinniú sa bhliain].

Breithnítear Clár Rioscaí na hOllscoile ag gach cruinniú de chuid an Chomhlachta Ceannais. Cuireann an Coiste Bainistíochta Riosca tuarascáil bhliantúil faoi bhráid Choiste Iniúchta an Chomhlachta Ceannais.

Tá freagracht ar an gCoiste Bainistíochta Riosca as bainistíocht riosca a leabú fud fad na hOllscoile.

Tacaíonn Oifigeach Bainistíochta Riosca le Bainistíocht Riosca agus Pleanáil Leanúnachais Ghnó laistigh den Ollscoil.

(iii) **Córais Faisnéise**
Baineann UCC úsáid as córas bainistíochta airgeadais AGRESSO, rud lena ndéantar soláthar d'anailís ar athraitheas a dhéanamh ar bhonn rialta. Déantar tuarascálacha ina gcuirtear an buiséad i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht iarbhír a tháirgeadh le linn na bliana airgeadais.

Mar chuid d'iniúchadh seachtrach bliantúil na hOllscoile, déantar athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras faisnéise ábhartha. Breithníonn an lucht bainistíochta agus an Coiste Iniúchta an t-athbhreithniú. Tugtar aghaidh sa bhliain airgeadais ina dhiaidh sin ar aon laigí a shainaithnítear san athbhreithniú sin.

(iv) **Na hImpleachtaí Airgeadais a ghabhann le Mór-rioscaí Gnó:**
Tá nósanna imeachta ag an gcóras rialaithe inmheánaigh chun calaois a chosc agus a bhrath, lena n-áirítear teorainneacha údarúcháin (an Beartas um Údarás Síniúcháin agus Ceadú, 2017) agus leithscaradh dualgas. Tá Beartas Calaoise i bhfeidhm freisin agus bunaíodh Painéal um Fhreagairt do Chalaois chun déileáil le haon líomhaintí calaoise.

(v) **Faireachán a Dhéanamh ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh:**
Tá faireachán ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar na próisis seo a leanas:

- athbhreithniú leanúnach ag Foireann Bhainistíochta na hOllscoile agus soláthar ráiteas dearbhaithe bliantúil ag oifigigh shinsearacha;
- Tuarascáil Bhliantúil an Uachtaráin don Chomhlacht Ceannais;
- gnáth-thuarascálacha an Uachtaráin, a chuirtear i láthair ag gach cruinniú de chuid an Chomhlachta Ceannais;
- tuarascálacha ó chruinnithe de chuid an Choiste Airgeadais a bhaineann le hioncam, caiteachas, taighde, cistíocht, féichiúnaithe, dliteanais/iasachtaí agus caipiteal agus a chuirtear i láthair cruinnithe de chuid an Chomhlachta Ceannais;
- tuarascálacha ó chruinnithe de chuid na Comhairle Acadúla, a chuirtear i láthair cruinnithe de chuid an Chomhlachta Ceannais;
- An Coiste Bainistíochta Riosca agus faireachán ar an gclár rioscaí;
- Miontuairiscí an Choiste Bainistíochta Riosca a bheith á gcur ar aghaidh chuig Foireann Bhainistíochta na hOllscoile agus chuig an gCoiste Iniúchta tar éis gach cruinnithe;
- an tuarascáil rialta don Chomhlacht Ceannais agus tuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchta don Chomhlacht Ceannais, mar aon le faisnéis faoin obair a rinne an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí le linn na bliana agus tuairimí a tháinig as athbhreithniú an Choiste ar shocruithe bainistíochta riosca agus rialachais chorparáidigh;
- Litreacha agus tuarascálacha bainistíochta ó iniúchóirí seachtracha na hOllscoile agus ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a ndéanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú orthu;
- Tuarascálacha Dearbhú Cáilíochta;
- cur in iúl na dtorthaí ar athbhreithnithe tréimhsiúla eile.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh**
Athbhreithnítear rialuithe ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go mbíonn siad éifeachtach. Áirítear leis an gcreat athbhreithniúcháin:

- timthriall plean iniúchóireachta cúig bliana lena gcumhdaítear gach riosca airgeadais, agus athbhreithnithe éagsúla iniúchóireachta inmheánaí gach bliain orthu sin;
- athbhreithniú ag iniúchóir seachtrach tráchtála ar rialuithe idirbhirt agus TFC mar chuid den iniúchadh bliantúil;
- cuntasacht dhéabhlóidithe agus a n-ainm a bheith á chur ag bainisteoirí leis an gcóras rialaithe inmheánaigh, á dheimhniú go mbíonn bainisteoirí aonair ag oibriú de réir na rialuithe agus na mbeartas; an dearbhú áitiúil sin a bheith á thástáil ag athbhreithniú Iniúchóireachta Inmheánaí mar aon le gníomhaíocht leantach, más cuí;
- tagarmharcáil a dhéanamh ar ár rialuithe maidir leis an earnáil ar mhaithe le feabhsuithe a bhaint amach mar chuid dár n-athbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta;

## RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH

- tuairisciú ar neamhchomhlíonadh, más ann; de bhreis air sin, áirítear measúnú ar rialuithe le clár rioscaí na hOifige Airgeadais. Má scóráiltear iad mar riosca ómrach ar a laghad, cuirfear bearta maolaitheacha cuí breise i bhfeidhm.

Tá an Ollscoil comhdhéanta de Choláistí, Scoileanna, Ranna, lárionaid taighde, aonaid riaracháin agus aonaid tacaíochta.

Gach bliain, déanann príomhphearsana bainistíochta na hOllscoile athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh ina réimse freagrachta agus deimhníonn siad leorgacht an chórais rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm ina réimse feidhme.

De bhreis air sin, athbhreithníonn Coiste Iniúchta UCC na tuarascálacha go léir de chuid na hOllscoile a chuireann an coiste feidhmiúcháin faoina bhráid. Athbhreithníonn sé na tuarascálacha ó fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí UCC freisin.

**Laigí i Rialú Inmheánach. Nochtadh sonraí maidir le cásanna inar tharla sáruithe ar rialú**:
Don tréimhse 2017/18, níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach a bhí mar chúis le caillteanais ábhartha, le teagmhais nó le héiginnteacht is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.

**Cur Síos ar an ngníomh a rinneadh chun laigí a cheartú**
Ní bhaineann

**Admháil ón bPríomhoifigeach go bhfuil an Comhlacht Ceannais freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh**

Deimhnímse, Patrick O'Shea, Uachtarán Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, leis seo go bhfuil Comhlacht Ceannais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, freagrach as a chóras rialaithe inmheánaigh.

Sínithe: Dáta: 29 Deireadh Fómhair 2019

**Ceadú ón gComhlacht Ceannais**

Déanaimse, an Dr Catherine Day, Cathaoirleach Chomhlacht Ceannais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Cathaoirleach ar an gcruinniú ar lena linn a ceadaíodh an Ráiteas ar Rialachas agus Rialú Inmheánach, deimhniú leis seo gur cheadaigh an Comhlacht Ceannais an Ráiteas seo ar Rialachas agus Rialú Inmheánach agus gur cheadaigh sé Ráiteas an Uachtaráin thuas go sonrach le linn a chruinnithe an 5 Feabhra 2019.

Sínithe: Dáta: 29 Deireadh Fómhair 2019

# RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM CUIMSITHEACH
## An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2018

| | Nótaí | Comhdhlúite 2018 €'000 | Comhdhlúite 2018 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 | Comhdhlúite 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | |
| Deontais stáit | 3 | | 49,721 | | 44,761 |
| Táillí acadúla | 4 | | 142,272 | | 136,859 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 5 | | 94,750 | | 93,080 |
| Amúchadh deontas caipitil Stáit | 24 | | 10,753 | | 11,543 |
| Ioncam oibriúcháin eile | 6 | | 56,163 | | 53,684 |
| Ioncam úis | 7 | | 45 | | 83 |
| Ioncam infheistíochta | 8 | | 440 | | 156 |
| Cistiú iarchurtha le haghaidh pinsean | 32 | | 61,475 | | 57,323 |
| **Ioncam iomlán roimh dhearlaicí agus roimh shíntiúis** | | | 415,619 | | 397,489 |
| Síntiúis agus dearlaicí | 9 | | 1,931 | | 2,738 |
| **Ioncam Iomlán** | | | 417,550 | | 400,227 |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Costais foirne | 10 | 240,379 | | 230,809 | |
| Costas seirbhíse pinsin | 32 | 28,112 | 268,491 | 36,036 | 266,845 |
| Speansais oibriúcháin eile | 11 | | 91,631 | | 88,152 |
| Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla | 12 | 2,719 | | 2,175 | |
| Speansas Úis Phinsin | | 33,216 | 35,935 | 24,679 | 26,854 |
| Dímheas | 15 | | 23,284 | | 21,711 |
| **Caiteachas iomlán** | | | 419,341 | | 403,562 |
| **Easnamh roimh ghnóthachain/caillteanais eile** | | | (1,791) | | (3,335) |
| (Caillteanas)/gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | | - | | (4) |
| Gnóthachan ar infheistíochtaí | | | 566 | | 562 |
| **Easnamh roimh cháin** | 14 | | (1,225) | | (2,777) |
| Cánachas | 13 | | - | | - |
| **Easnamh don bhliain tar éis dímheas sócmhainní agus tar éis cánach** | 14 | | (1,225) | | (2,777) |
| Gnóthachan achtúireach i ndáil le scéimeanna pinsean | | | (71,698) | | (227,946) |
| Gluaiseacht sa phinsean atá infhaighte | | | 71,698 | | 227,946 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | | (1,225) | | (2,777) |
| **Ionadaithe ag:** | | | | | |
| Ioncam cuimsitheach srianta don bhliain | 26 | | 1,245 | | 3,066 |
| Ioncam cuimsitheach neamhshrianta don bhliain | | | (2,470) | | (5,843) |

Ba as oibríochtaí leanúnacha, agus astu sin amháin, a d'eascair an t-easnamh don bhliain.

# RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS OLLSCOILE AR ATHRUITHE I gCÚLCHISTÍ
## An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2018

**Comhdhlúite**

| | Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais Neamhshrianta | Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais Srianta | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iarmhéid ag an 01 Deireadh Fómhair 2016** | 232,966 | 10,215 | 243,181 |
| Easnamh ón ráiteas ioncaim agus caiteachais | (5,843) | 3,066 | (2,777) |
| **Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair 2017** | 227,123 | 13,281 | 240,404 |
| Easnamh ón Ráiteas ar ioncam cuimsitheach | (2,470) | 1,245 | (1,225) |
| **Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair 2018** | 224,653 | 14,526 | 239,179 |

**Ollscoil**

| | Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais Neamhshrianta | Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais Srianta | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iarmhéid ag an 01 Deireadh Fómhair 2016** | 192,585 | - | 192,585 |
| Easnamh ón ráiteas ioncaim agus caiteachais | (8,960) | - | (8,960) |
| **Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair 2017** | 183,625 | - | 183,625 |
| Easnamh don bhliain | (5,216) | - | (5,216) |
| **Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair 2018** | 178,409 | - | 178,409 |

## RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS OLLSCOILE AR STAID AIRGEADAIS
## 30 Meán Fómhair 2018

| | | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **2018** | **2017** | **2018** | **2017** |
| | **Nótaí** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | | |
| Sócmhainní seasta | 15 | 648,029 | 620,824 | 534,011 | 508,940 |
| Sócmhainní oidhreachta | 16 | 2,500 | 2,334 | 2,500 | 2,334 |
| Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí | 16 | - | - | 163 | 163 |
| Infheistíochtaí | 16 | 17,846 | 17,908 | - | - |
| | | 668,375 | 641,066 | 536,674 | 511,437 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Stoic | 17 | 506 | 805 | 204 | 437 |
| Féichiúnaithe | 18 | 36,036 | 33,044 | 50,167 | 44,354 |
| Infheistíochtaí | 19 | 25,000 | - | 25,000 | - |
| Airgead sa bhanc | 20 | 61,656 | 68,909 | 49,578 | 57,577 |
| | | 123,198 | 102,758 | 124,949 | 102,368 |
| **Creidiúnaithe:** Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 21 | (208,838) | (185,183) | (189,212) | (169,822) |
| **Glandliteanais reatha** | | (85,640) | (82,425) | (64,263) | (67,454) |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | 582,735 | 558,641 | 472,411 | 443,983 |
| **Creidiúnaithe:** Suimeanna a bheidh dlite tar éis bliain amháin | 22 | (340,311) | (314,845) | (290,757) | (256,966) |
| Dliteanas sochar scoir | 32 | (1,481,214) | (1,491,584) | (1,481,214) | (1,491,584) |
| Sochar scoir infhaighte | 32 | 1,477,969 | 1,488,192 | 1,477,969 | 1,488,192 |
| **Glansócmhainní iomlána** | | 239,179 | 240,404 | 178,409 | 183,625 |
| **Cúlchiste srianta** | | | | | |
| Ioncam agus caiteachas - cúlchiste srianta | 26 | 14,526 | 13,281 | - | - |
| **Cúlchiste neamhshrianta** | | | | | |
| Ioncam agus caiteachas - cúlchiste neamhshrianta | | 224,653 | 227,123 | 178,409 | 183,625 |
| **Iomlán** | | 239,179 | 240,404 | 178,409 | 183,625 |

Rinne an Comhlacht Ceannais na ráitis airgeadais a cheadú an xx/xx/2019 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

Sínithe:

An tOllamh Patrick O'Shea
Uachtarán

An Dr Dermot O'Mahoney
Cisteoir Oinigh

## RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 Meán Fómhair 2018

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Easnamh don bhliain | (1,225) | (2,777) |
| | | |
| **Coigeartú le haghaidh míreanna neamhairgid** | | |
| Cáilmheas a eascraíonn as Foras Bainistíochta na hÉireann a cheannach | - | (714) |
| Dímheas | 23,284 | 21,711 |
| Deontais chaipitil iarchurtha stáit a scaoileadh chuig ioncam | (10,753) | (11,543) |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | - | 4 |
| Gnóthachan ar infheistíochtaí | (566) | (562) |
| (Méadú)/Laghdú i gcistiú iarchurtha le haghaidh pinsean | (147) | 3,392 |
| | | |
| **Coigeartú le haghaidh gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre** | | |
| Laghdú/(Méadú) i stoic | 299 | (120) |
| (Méadú)/laghdú i bhféichiúnaithe | (2,992) | 4,127 |
| Méadú/(laghdú) i gcreidiúnaithe | 10,515 | (11,486) |
| | | |
| **Coigeartú le haghaidh gníomhaíochtaí infheistíochta nó maoiniúcháin** | | |
| Ioncam infheistíochta | (440) | (156) |
| Síntiúis a fuarthas | (1,931) | (2,738) |
| Gluaiseacht in Infheistíochtaí Ciste Iontaobhais | 62 | (3,284) |
| Ús iníoctha | 2,719 | 2,175 |
| Ús eile a fuarthas | (45) | (83) |
| | | |
| **Insreabhadh/(eis-sreabhadh) glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 18,780 | (2,054) |
| | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| Deontais chaipitil iarchurtha stáit a fuarthas | 7,240 | 14,125 |
| Ioncam infheistíochta | 440 | 156 |
| Ceannach sócmhainní inláimhsithe agus oidhreachta | (37,540) | (35,409) |
| Fáltais ar dhiúscairt sócmhainní seasta | 3 | - |
| Síntiúis a fuarthas | 1,931 | 2,738 |
| Ús infhaighte | 45 | 83 |
| Gnóthachan ar infheistíochtaí | 566 | 562 |
| | - | - |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | **(27,315)** | **(17,745)** |
| | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | |
| *Fiachas a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin:* | | |
| Ús iníoctha | (2,719) | (2,175) |
| Méadú/(laghdú) in iasachtaí gearrthéarmacha | 13,632 | (4,567) |
| *Fiachas a bheidh dlite tar éis bliain amháin:* | | |
| Méadú in iasachtaí fadtéarmacha | 15,532 | 55,890 |
| Íocaíocht na n-oibleagáidí léasa airgeadais | (163) | - |
| Laghdú in oibleagáidí faoi shocruithe maoiniúcháin/faoi shocruithe eile | - | (10,049) |
| | | |
| Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin | 26,282 | 39,099 |
| | | |
| **Méadú in airgead agus i gcoibhéisí airgid sa bhliain** | 17,747 | 19,300 |
| Airgead agus coibhéisí airgid i dtús na bliana | 68,909 | 49,119 |
| Airgead agus Coibhéisí Airgid Fhoras Bainistíochta na hÉireann ar an gCeannach | - | 490 |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana | 86,656 | 68,909 |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**1 Ráiteas ar bheartais chuntasaíochta**

Is iad seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlacann an Ollscoil:

Déantar achoimre thíos ar na beartais chuntasaíochta a mheastar a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais seo. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

**a. Faisnéis ghinearálta agus bonn na cuntasaíochta**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna mhodhnú chun míreanna áirithe a chur ar áireamh de réir luach cóir. Ullmhaíodh iad de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann lena úsáid in Éirinn, agus de réir an Ráitis ar Chleachtas Molta (“SORP”) – Cuntasaíocht d’Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais arna ghlacadh go deonach ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

**b. Bonn an chomhdhlúthaithe**

Comhdhlúthaítear i ráitis airgeadais an Ghrúpa ráitis airgeadais na hOllscoile, Chiste Iontaobhais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus a foghnóthas suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2018.

Níor comhdhlúthaíodh gníomhaíochtaí Aontas Mac Léinn Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, anseo toisc nach bhfuil na gníomhaíochtaí sin faoi rialú ag an Ollscoil. Níor cuireadh ráitis airgeadais Cork University Foundation DAC ar áireamh sna ráitis seo ach oiread toisc nach bhfuil an chuideachta sin faoi rialú ag an Ollscoil. Níor comhdhlúthaíodh gnóthais eile neamhábhartha a bhfuil leas ag an Ollscoil iontu.

**c. Gnóthas leantach**

Cuirtear síos ar ghníomhaíochtaí na hOllscoile agus ar a forbairt láithreach amach seo i dTuarascáil an Chisteora Oinigh. Rinneadh staid airgeadais na hOllscoile, lena n-áirítear a sreabhadh airgid, a hiasachtaí agus a leachtacht, a mheas mar chuid de riachtanais chistiúcháin bhonneagair amach anseo agus le linn an plean straitéiseach reatha a fhorbairt. Is deimhin leis an gComhlacht Ceannais go bhfuil dóthain acmhainní ag an Ollscoil chun a hoibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite go ceann i bhfad. Tagann an seasamh glandliteanas reatha ag an 30 Meán Fómhair 2018 go príomha as cistí, a fhaightear roimh dheireadh na bliana airgeadais, ó fhoinsí cistiúcháin taighde, acadúil agus deontais. Dá bhrí sin, ní thugtar le tuiscint sa seasamh glandliteanas reatha go bhfuil gá ann le cistiú sreabhaidh airgid. Na cistí sin, a fhaightear roimh dheireadh na bliana, léirítear iad mar dhliteanais reatha ag an 30 Meán Fómhair 2018 agus bainfidh an Ollscoil úsáid astu sa bhliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2019. Dá réir sin, leanann sé le bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid agus na ráitis airgeadais bhliantúla á n-ullmhú aige.

**d. Sócmhainní seasta inláimhsithe**

*(i) Talamh agus foirgnimh*

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe de réir costais nó luachála, glan ar dhímheas agus ar aon soláthar do bhearnú. Ar áireamh i gcostas sócmhainní seasta inláimhsithe áirithe tá costais phárolla atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainní a thabhairt chuig an láthair agus an riocht a theastaíonn chun go mbeidh siad in ann oibriú ar an mbealach atá beartaithe ag an lucht bainistíochta. Gearrtar dímheas ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe, seachas réadmhaoine infheistíochta agus talamh ruílse, ag rátaí a ríomhtar chun costas nó luacháil gach sócmhainne, lúide luach iarmharach measta, a dhíscríobh thar a saolré fhónta ionchasach de réir méid cothrom mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh ruílse | 50 bliain |

Léiríonn luach iarmharach an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair as sócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mba rud é go bhfuil an tsócmhainn ar aois agus sa riocht lena bhfuiltear ag súil ag deireadh a saolré fónta.

Rinneadh an luacháil is déanaí an 30 Meán Fómhair 1994. Shocraigh an Ollscoil luach na talún agus na bhfoirgneamh mar a bhí ag an 30 Meán Fómhair 1994 toisc gurbh é sin an chéad bhliain inar cuireadh an cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis chun feidhme i leith sócmhainní seasta agus ráitis airgeadais na hOllscoile á gcur i láthair. I gcomhréir le mír 35.10(d) de FRS 102, bhain an Ollscoil leas, sa bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016, as an díolúine idirthréimhseach atá ar fáil do ghlacadóir céaduaire chun an luacháil sin le haghaidh sócmhainní seasta inláimhsithe a úsáid mar chostas measta ag an dáta aistrithe.

*(ii) Trealamh*

Is de réir costais a chaipitlítear gach cineál trealaimh. Dímheastar trealamh caipitlithe thar a shaolré eacnamaíoch fhónta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Trealamh ríomhaire | 3 bliana |
| Trealamh | 5 bliana |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**1 Ráiteas ar bheartais chuntasaíochta - ar lean**

I gcás go bhfaightear trealamh le deontais chaipitil stáit, déantar é a chaipitliú agus a dhímheas de réir an bheartais thuasluaite. Cuirtear an deontas gaolmhar chun sochair chuntas deontas caipitil iarchurtha agus scaoiltear é chuig an ráiteas ar ioncam cuimsitheach thar shaolré fhónta ionchasach an trealaimh ghaolmhair.

**e. Léasanna airgeadais**

Rangaítear mar léasanna airgeadais na léasanna ina nglacann an Ollscoil go substaintiúil le gach ceann de na rioscaí agus na luachanna saothair a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne léasaithe. Cuirtear na sócmhainní ar áireamh i sócmhainní seasta agus léirítear an ghné caipitil de na ceangaltais léasaithe mar oibleagáidí faoi léasanna airgeadais. Dímheastar sócmhainní atá á sealbhú faoi léasanna airgeadais thar shaolré úsáideach na sócmhainne gaolmhaire i gcás go bhfuil cinnteacht réasúnach ann go bhfaighidh an Ollscoil úinéireacht faoi dheireadh an téarma léasa. Caitear le cíosanna léasanna amhail is atá siad comhdhéanta de ghné caipitil agus de ghné úis. Cuirtear an ghné caipitil i bhfeidhm chun na hoibleagáidí amuigh a laghdú agus muirearaítear an ghné úis ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach i gcomhréir leis an ngné caipitil laghdaitheach amuigh.

**f. Sócmhainní oidhreachta**

Is i seilbh na hOllscoile atá cuid mhór sócmhainní lena mbaineann mórthábhacht stairiúil agus chultúrtha don Stát. Cuimsítear i mbailiúchán UCC saothair ealaíne agus pictiúir agus déantáin eile. Maidir le saothair ealaíne a cheannaítear chun tairbhe don Ollscoil, caipitlítear iad sa Ráiteas ar Staid Airgeadais de réir a gcostais bhunaidh agus ní dhímheastar iad.

**g. Infheistíochtaí – Neamhreatha**

Tomhaistear gach sócmhainn agus dliteanas airgeadais de réir praghas idirbhirt ar dtús (costais idirbhirt san áireamh), ach amháin i gcás na sócmhainní airgeadais sin a rangaítear de réir luach cóir tríd an ráiteas ar ioncam cuimsitheach. Iompraítear gach infheistíocht de réir luach cóir. Is i margaí luaite poiblí a thrádáiltear gach infheistíocht i gcothromas agus in urrúis úis sheasta. Tá bonn an luacha chóir d'infheistíochtaí luaite cothrom leis an margadhluach, agus úsáidtear an praghas tairisceana ina leith. Aithnítear díolacháin agus ceannacháin sócmhainní de réir costais ag an dáta trádála (is é sin le rá, an luach idirbhirt).

**h. Infheistíochtaí - Reatha**

I láthair na huaire, tá infheistíochtaí reatha ina dtaiscí airgid lena ngabhann aibíocht atá 3 mhí nó níos mó ar fad. Is ionann na hinfheistíochtaí reatha agus infheistíochtaí gearrthéarmacha airgid lena mbaineann riosca íseal go n-athrófar a luach.

**i. Stoic**

Luaitear stoic de réir a gcostais nó de réir a bpraghais mheasta díola, atá cothrom leis an nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Ríomhtar costas trí úsáid a bhaint as an modh 'is túisce isteach, is túisce amach'. Nuair is cuí, déantar soláthar d'earraí atá as feidhm, mallghluaiseach nó lochtach.

**j. Bearnú sócmhainní**

Déantar sócmhainní, seachas iad sin a thomhaistear de réir luach cóir, a mheas i gcomhair táscairí bearnaithe ag dáta gach Ráitis ar Staid Airgeadais. Dá mbeadh fianaise oibiachtúil ann ar bhearnú, d'aithneofaí caillteanas bearnaithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Ní raibh aon táscairí ar bhearnú sócmhainní ann ag an 30 Meán Fómhair 2018.

**k. Cánachas**

Ní thagann aon mhuirear cánachais chun cinn toisc gur carthanais dhíolmhaithe iad an Ollscoil agus an chuid is mó dá fochuideachtaí agus níl siad faoi dhliteanas i leith cáin chorparáide ná i leith cáin ioncaim ar aon cheann dá ngníomhaíochtaí carthanúla. Tá an Ollscoil cláraithe le haghaidh cáin bhreisluacha ach ní féidir léi cáin ionchuir a aisghabháil ar fhormhór a ceannachán toisc gurb ionann soláthar an oideachais agus gníomhaíocht dhíolmhaithe nach ngearrtar aon cháin aschuir ina leith. Is faoi CBL a thagann gníomhaíochtaí taighde agus tráchtála áirithe laistigh den Ollscoil. Tugann an Ollscoil aon cháin ionchuir nó aschuir a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin ar ais do na Coimisinéirí Ioncaim.

**l. Aithint ioncaim**

*Deontais Stáit*

Is bunaithe ar an tsamhail fabhraithe a aithnítear deontais ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí rialtais eile. Tomhaistear iad de réir luach cóir na sócmhainne a fuarthas nó atá infhaighte. Rangaítear deontais de réir cinn a bhaineann le hioncam agus cinn a bhaineann le sócmhainní seasta inláimhsithe. Maidir le deontais athfhillteacha agus deontais neamh-athfhillteacha a bhaineann le hioncam, aithnítear iad in ioncam thar an tréimhse ina n-aithnítear na costais ghaolmhara. Is thar shaolré fhónta ionchasach na sócmhainne a aithnítear deontais a fhaightear ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí stáit eile i ndáil le sócmhainní seasta a cheannach nó a thógáil.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

*Táillí Acadúla*
Aithnítear táillí acadúla sa tréimhse lena mbaineann siad.

*Deontais agus conarthaí taighde*
Is bunaithe ar an tsamhail feidhmíochta a aithnítear ioncam ó dheontais agus conarthaí taighde. Is é sin le rá, aithnítear ioncam a mhéid a comhlíonadh coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Go hiondúil, bíonn sé sin cothrom leis an gcaiteachas a tabhaíodh le linn na bliana agus le haon ranníocaíochtaí gaolmhara a rinneadh i leith forchostas.

*Ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha*
Cuirtear an t-ioncam ar fad ó thaiscí gearrthéarmacha chun sochair an Ráitis ar Ioncam Cuimsitheach sa tréimhse inar tuilleadh é.

*Ioncam infheistíochta*
Ach amháin i gcás díbhinní agus ioncam infhaighte, léirítear an t-ioncam infheistíochta ar fad sna ráitis airgeadais ar bhonn fáltas. Aithnítear díbhinní agus ioncam infhaighte ag deireadh na bliana airgeadais inar fabhraíodh iad.

*Síntiúis nach bhfuil aon srianta ag gabháil leo*
Áirítear le síntiúis nach bhfuil aon srianta ag gabháil leo suimeanna a thugtar do Chiste Iontaobhais Choláiste na hOllscoile i bhfoirm airgid nó sócmhainne, ar suimeanna iad nach bhfuil aon srian ag gabháil leo maidir le conas ba cheart iad a úsáid. Taifeadtar síntiúis den sórt sin sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach nuair a bhítear i dteideal an t-ioncam a fháil.

*Síntiúis a bhfuil srianta ag gabháil leo*
Taifeadtar síntiúis a bhfuil srianta ag gabháil leo sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach nuair a bhítear i dteideal an t-ioncam a fháil. Coinnítear an t-ioncam srianta sa chúlchiste atá srianta go sealadach agus coinnítear é ann go dtí go dtabhaítear caiteachas atá i gcomhréir leis na srianta.

**m. Sochair scoir**
D’fheidhmigh an Ollscoil trí scéim pinsean sochair shainithe le linn na bliana, mar atá leagtha amach i nóta 32.

Is baill de scéim pinsean nua, ar a dtugtar an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, atá i ngach fostaí a chuaigh isteach sa tSeirbhís Phoiblí den chéad uair an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a riarann an scéim sin. Tá feidhm ag an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair maidir le gach ball foirne nua a chuaigh isteach san earnáil phoiblí mar iontrálaí nua an 01 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Is scéim scoir sochair shainithe í. Is le cuntas sochar scoir Stáit a íoctar gach ranníocaíocht scoir fostaíochta a dhéantar leis an Scéim. Feidhmítear an scéim ar bhonn íoc-mar-a-théitear.

Déantar sochair phinsin d’fhostaithe áirithe eile de chuid foghnóthas áirithe a íoc trí íocaíochtaí a dhéanamh le scéim pinsean ranníocaíochta sainithe. Muirearaítear ranníocaíochtaí ar an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach sa bhliain ina mbíonn siad dlite. Tugtar cuntas ar chostais phinsin trí mhuirearú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le pinsin a sholáthar thar an tréimhse ina mbaineann an Ollscoil tairbhe as seirbhísí na bhfostaithe. I gcás scéimeanna sochair shainithe, is iad na suimeanna a mhuirearaítear ar an ráiteas ar ioncam cuimsitheach ná na costais a d’eascair as seirbhísí fostaithe le linn na tréimhse agus an costas a bhain le pleananna a thabhairt isteach, le hathruithe a dhéanamh ar shochair, le socraíochtaí agus le ciorrúcháin. Cuirtear na suimeanna sin ar áireamh i gcostais foirne. Is ar an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach a mhuirearaítear an glanchostas úis ar an nglandliteanas sochair shainithe agus cuirtear é ar áireamh i gcostais mhaoiniúcháin. Maidir le haon atomhas a bhaineann le gnóthachain agus caillteanais achtúireacha agus an toradh ar shócmhainní scéime (seachas suimeanna a chuirtear ar áireamh i nglan-ús ar an nglandliteanas sochair shainithe), aithnítear é láithreach in ioncam cuimsitheach eile.

*Sócmhainn sochair scoir infhaighte*
Mar atá leagtha amach ar bhealach níos mine i nóta 32, cuireadh in iúl don Ollscoil go bhfreastalódh an Stát ar na dliteanais sochair scoir amach anseo do scéim (dhúnta) Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, faoin Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009. Faoi FRS 102, má tá aon eintiteas beagnach cinnte go n-aisíocfaidh páirtí eile cuid den chaiteachas nó an caiteachas ar fad a bheidh ag teastáil chun oibleagáid sochair shainithe a áirithiú, is mar shócmhainn a aithneoidh an t-eintiteas an ceart chun aisíocaíochta. Caithfidh an t-eintiteas leis na sócmhainní sin ar an mbealach céanna a chaitheann sé le sócmhainní plean. Léirítear sna ráitis airgeadais, mar sin, sócmhainn infhaighte €1,478.0m, rud a fhritháirítear in aghaidh an dliteanais scoir ionchais de €1,481.2m. Cuirtear gluaiseachtaí sa sochar scoir infhaighte sin ar áireamh sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach chun an ghluaiseacht bhunúsach sa dliteanas scoir a chothromú.

**n. Airgeadra eachtrach**
Taifeadtar idirbhearta in airgeadraí eachtracha de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta an idirbhirt. Maidir le sócmhainní agus dliteanais airgid a bhí ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag dáta an Ráitis ar Staid Airgeadais, tuairiscítear iad de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ag an dáta sin.

**o. Infheistíochtaí**
Déantar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí a iompar de réir costais lúide bearnú i ráitis airgeadais na hOllscoile. Is ionann infheistíochtaí sócmhainní reatha agus airgead a chuirtear i dtaisce. Is ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach a mhuirearaítear

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

aon ús a thuilltear orthu.

**p. Cáilmheas**

Maidir le cáilmheas a eascraíonn as foghnóthais agus foghnólachtaí, rud arb ionann é agus aon bharrachas idir luach cóir na comaoine agus luach cóir na sócmhainní agus na ndliteanas in-sainaitheanta a fuarthas, déantar é a chaipitliú agus a dhíscríobh de réir méid cothrom thar an tsaolré eacnamaíoch fhónta. Déantar soláthar d'aon bhearnú. Mar an gcéanna, cuirtear cáilmheas diúltach ar áireamh sa ráiteas ar staid airgeadais agus cuirtear é chun sochair an ráitis ar ioncam cuimsitheach sna tréimhsí ina ndéantar na sócmhainní neamhairgid faighte a aisghabháil trí dhímheas nó trí dhíol. Cáilmheas diúltach atá os cionn luachanna córa na sócmhainní neamhairgid, cuirtear é chun sochair an ráitis ar ioncam cuimsitheach sna tréimhsí a mheastar a bhainfidh tairbhe as.

**2 Breithiúnais thábhachtacha chuntasaíochta agus príomhfhoinsí na héiginnteachta meastacháin**

Le linn dó beartais chuntasaíochta na hOllscoile a chur i bhfeidhm, ar beartais iad a bhfuil cur síos déanta orthu i nóta 1, ceanglaítear ar an gComhlacht Ceannais breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh maidir le suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas. Tá na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile a mheastar a bheith ábhartha. Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na buntoimhdí ar bhonn leanúnach.

**Breithiúnais thábhachtacha le linn beartais chuntasaíochta na hOllscoile a chur i bhfeidhm**

Is iad seo a leanas na breithiúnais thábhachtacha, seachas iad sin a raibh meastacháin i gceist leo (a phléitear ar leithligh thíos), a thug an Comhlacht Ceannais le linn dó beartais chuntasaíochta na hOllscoile a chur i bhfeidhm agus a raibh an tionchar is mó acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

1) *Pinsean*

Mar atá leagtha amach i Nóta 32 leis na ráitis airgeadais, feidhmíonn an Ollscoil trí scéim pinsean sochair shainithe. Ar an mbonn go slánóidh an tOireachtas aon easnamh a thiocfaidh aníos chun freastal ar na hoibleagáidí atá ar an Ollscoil sochair phinsin a íoc, fritháiríodh an dliteanas pinsin trí shócmhainn infhaighte scoir a aithint. Ag an 30 Meán Fómhair 2018, b'ionann an tsócmhainn pinsin agus €1,478.0m. B'ionann an dliteanas pinsin agus €1,481.2m. Mar gheall ar a thábhachtaí atá na nithe sin, measann an Ollscoil gur réimse suntasach breithiúnais é seo. Féach nóta 32 chun tuilleadh sonraí a fháil.

**Príomhfhoinsí an mheastacháin agus na héiginnteachta**

Is iad na meastacháin seo a leanas na meastacháin a raibh an tionchar is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais:

1) *Saolré eacnamaíoch fhónta*
Tá saolré eacnamaíoch fhónta na sócmhainní inláimhsithe ina toimhde thábhachtach maidir leis an scéal amach anseo ag an dáta tuairiscithe. Bhreithnigh an Ollscoil na nithe seo a leanas agus na meastacháin sin á socrú aici: an caitheamh fisiciúil ionchasach, dífheidhmeacht theicniúil agus tráchtála, agus aon teorainneacha eile ar úsáid na sócmhainní. Bhreithnigh an Ollscoil freisin cé acu ba cheart nó nár cheart ráta dímheasa ar leith a úsáid le haghaidh aon mhíreanna ábhartha laistigh d'aicmí sócmhainní chun saolré fhónta na sócmhainní sin a léiriú. Tar éis di athbhreithniú a dhéanamh, tháinig an Ollscoil ar an gconclúid nach mbaineann míreanna den sórt sin le hábhar.

2) *Soláthairtí*
Aithnítear soláthairtí i gcás go bhfuil oibleagáid reatha (dhlíthiúil nó inchiallaithe) ar an Ollscoil i ngeall ar eachtra san am a chuaigh thart agus gur dócha go mbeidh ar an Ollscoil an oibleagáid sin a chomhlíonadh agus gur féidir meastachán iontaofa a thabhairt ar shuim na hoibleagáide ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, agus aird á tabhairt ar na rioscaí agus ar an éiginnteacht a bhaineann leis an oibleagáid.

3) *Bearnú*
Tar éis di luach seilbhe na sócmhainní inláimhsithe a bhreithniú, tháinig an Ollscoil ar an gconclúid nach raibh aon táscairí bearnaithe ann ar shócmhainní na hOllscoile ag an 30 Meán Fómhair 2018.

4) *Sochair phinsin - toimhdí*
Feidhmíonn an Ollscoil trí scéim sochair shainithe. Tá costas na sochar sin agus luach reatha na n-oibleagáidí pinsin bunaithe ar thoimhdí achtúireacha, lena n-áirítear; ionchas saoil, méaduithe tuarastail, méaduithe pinsin, rátaí lascaine agus boilsciú. Tá na toimhdí ag teacht leis an taithí stairiúil agus le treochtaí reatha. Tá tuilleadh sonraí faoi sin tugtha i nóta 32 leis na ráitis airgeadais.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

| **3 Deontais stáit** | **2018 €'000** | **2017 €'000** |
|---|---|---|
| Deontais stáit a leithdháileadh chun críocha athfhillteacha | 49,721 | 44,761 |

Fuarthas an t-ioncam deontais thuas ón Údarás um Ard-Oideachas agus ón Roinn Sláinte.

| **4 Táillí acadúla** | **2018 €'000** | **2017 €'000** |
|---|---|---|
| Ioncam ó tháillí acadúla | 142,272 | 136,859 |

Ba go díreach ón Údarás um Ard-Oideachas a fuarthas suim iomlán €45,272,523 (2017: €43,705,452), a chuirtear ar áireamh mar ioncam ó tháillí acadúla.

| **5 Deontais agus conarthaí taighde** | **2018 €'000** | **2017 €'000** |
|---|---|---|
| Comhlachtaí stáit agus leathstáit | 65,601 | 64,728 |
| An tAontas Eorpach | 15,092 | 16,797 |
| An Earnáil Tionsclaíochta | 10,167 | 9,478 |
| Eile | 3,890 | 2,077 |
| | 94,750 | 93,080 |

| **6 Ioncam oibriúcháin eile** | **2018 €'000** | **2017 €'000** |
|---|---|---|
| Ioncam cíosa | 2,590 | 2,494 |
| Ioncam do phoist chistithe | 1,022 | 986 |
| Ioncam ó árais chónaithe mac léinn | **7,789** | 7,504 |
| Ioncam ó shaoráidí fóillíochta | 2,462 | 2,683 |
| Ioncam ó Student Facilities & Services (UCC) DAC | 3,386 | 3,485 |
| Ioncam ón Áiléar Ealaíne | 334 | 318 |
| Ioncam Fhoras Bainistíochta na hÉireann | 15,499 | 10,905 |
| Cáilmheas a eascraíonn as Foras Bainistíochta na hÉireann a cheannach | - | 714 |
| Ioncam acadúil – coláistí agus ranna | 11,125 | 10,734 |
| Réimsí seirbhíse agus tacaíochta | 11,570 | 13,474 |
| Ioncam eile | 386 | 387 |
| | 56,163 | 53,684 |

| **7 Ioncam úis** | **2018 €'000** | **2017 €'000** |
|---|---|---|
| Ioncam úis | 45 | 83 |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 8 Ioncam infheistíochta

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam infheistíochta ar an gcúlchiste srianta | 308 | 109 |
| Ioncam infheistíochta eile | 132 | 47 |
| | 440 | 156 |

### 9 Síntiúis agus dearlaicí

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Síntiúis a bhfuil srianta ag gabháil leo | 673 | 2,738 |
| Síntiúis neamhshrianta | 1,258 | - |
| | 1,931 | 2,738 |

### 10 Costais foirne

Agus é curtha i láthair mar choibhéis lánaimseartha, ba é seo a leanas an meánlíon míosúil daoine (sealbhóirí poist shinsearaigh ar áireamh) a bhí fostaithe ag an Ollscoil le linn na bliana:

| | 2018 Líon | 2017 Líon |
|---|---|---|
| Teagasc agus taighde | 1,674 | 1,679 |
| Teicniúil | 116 | 119 |
| Riarachán láir agus seirbhísí | 989 | 852 |
| Eile | 451 | 460 |
| | 3,230 | 3,110 |

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus pá | 201,561 | 192,585 |
| Costais leasa shóisialaigh | 16,542 | 15,814 |
| Costais eile phinsin | 22,276 | 22,410 |
| | 240,379 | 230,809 |

**Luach saothair an phríomhphearsanra bainistíochta**
Ba é €2,025,229 an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018 (2017: €1,951,737).

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

**Baill foirne ar thuarastal níos airde**
Ghlac an Ollscoil luach tosaithe €60,000 chun baill foirne ar thuarastal níos airde a shainaithint. Agus €60,000 a bheith mar luach tosaithe, is mar seo a leanas atá luach saothair na foirne, agus é leagtha amach i mbandaí tuarastail €10,000:

| Bandaí Tuarastail | An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2018 | *An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2017 |
|---|---|---|
| 60,000 – 70,000 | 283 | 254 |
| 70,001 – 80,000 | 143 | 300 |
| 80,001 – 90,000 | 258 | 157 |
| 90,001 – 100,000 | 171 | 86 |
| 100,001 – 110,000 | 51 | 48 |
| 110,001 – 120,000 | 25 | 24 |
| 120,001 – 130,000 | 15 | 20 |
| 130,001 – 140,000 | 38 | 54 |
| 140,001 – 150,000 | 37 | 5 |
| 150,001 – 160,000 | 3 | 3 |
| 160,001 – 170,000 | 2 | 1 |
| 170,001 – 180,000 | 1 | 1 |
| 180,001 – 190,000 | 2 | 2 |
| 190,001 – 200,000 | 4 | 6 |
| 200,001 – 210,000 | 4 | 3 |
| 210,001 – 220,000 | 2 | 0 |
| 220,001 – 230,000 | 0 | 11 |
| 230,001 – 240,000 | 9 | 0 |
| Os cionn 240,000 | 0 | 0 |
| Mór-Iomlán | 1,048 | 975 |

**Bunaithe ar an líon foirne ag an 31 Nollaig 2017*

**An Príomhphearsanra Bainistíochta**
Is é atá sa phríomhphearsanra bainistíochta ná na daoine sin ag a bhfuil údarás agus ar a bhfuil freagracht i leith gníomhaíochtaí na hOllscoile a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Cuimsíonn príomhphearsanra bainistíochta na hOllscoile na baill den fhoireann ardbhainistíochta, dá bhfuil Foireann Bhainistíochta na hOllscoile comhdhéanta.

| **11 Speansais oibriúcháin eile** | **2018 €'000** | **2017 €'000** |
|---|---|---|
| Teas, solas, uisce agus cumhacht | 6,136 | 6,084 |
| Fógraíocht agus cur chun cinn | 2,045 | 1,214 |
| Táillí gairmiúla | 5,116 | 5,900 |
| Oiliúint agus forbairt | 975 | 1,288 |
| Trealamh | 3,559 | 3,851 |
| Tomhaltáin saotharlainne | 6,581 | 7,416 |
| Postas, priontáil agus soláthairtí stáiseanóireachta | 2,886 | 2,666 |
| Cumarsáid | 1,086 | 968 |
| Leabhair agus tréimhseacháin | 2,524 | 2,301 |
| Cíos agus rátaí | 1,475 | 1,348 |
| Gluaisteáin, taisteal agus cothú | 8,627 | 8,943 |
| Soláthairtí ríomhaire | 1,328 | 1,233 |
| Árachas | 1,796 | 1,558 |
| Costais Bhogearraí | 1,855 | 1,873 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | 11,653 | 11,380 |
| Costais a bhaineann le bainistíocht infheistíochta agus le scoláireachtaí | 220 | 249 |
| Tomhaltáin agus speansais eile | 33,769 | 29,880 |
| | 91,631 | 88,152 |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

| Is é seo a leanas luach saothair an iniúchóra i leith obair a rinneadh don Ghrúpa i ndáil leis an mbliain airgeadais: | **2018 €'000** | **2017 €'000** |
|---|---|---|
| Táillí Iniúchóireachta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 32 | 37 |
| Táillí Iniúchóireachta Tráchtála | 152 | 148 |

### 12 Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla

| | **2018 €'000** | **2017 €'000** |
|---|---|---|
| Muirir úis agus muirir chomhchosúla | | |
| Ar iasachtaí bainc, rótharraingtí agus iasachtaí eile a bheidh iníoctha ina n-iomláine laistigh de 5 bliana | 949 | 535 |
| Ar iasachtaí bainc a bheidh iníoctha tar éis 5 bliana | 1,770 | 1,336 |
| Ar oibleagáidí a tháinig aníos faoi shocruithe maoiniúcháin | - | 304 |
| | 2,719 | 2,175 |

Áirítear leis an ús atá iníoctha ús ar iasachtaí a tharraingítear anuas chun cóiríocht chónaithe do mhic léinn agus cláir eile infheistíocht chaipitil a chistiú.

| | | |
|---|---|---|
| Speansas Úis Phinsin (nóta 32) | 33,216 | 24,679 |

### 13 Cánachas

Ní thagann aon mhuirear cánachais chun cinn toisc gur carthanais dhíolmhaithe iad an Ollscoil agus an chuid is mó dá fochuideachtaí agus níl siad faoi dhliteanas i leith cáin chorparáide ná i leith cáin ioncaim ar aon cheann dá ngníomhaíochtaí carthanúla.

### 14 Easnamh/barrachas ar oibríochtaí leanúnacha don bhliain

| Tá an t-easnamh ar oibríochtaí leanúnacha don bhliain comhdhéanta díobh seo a leanas: | **2018 €'000** | **2017 €'000** |
|---|---|---|
| Easnamh na hOllscoile don bhliain | (5,216) | (8,960) |
| Barrachas a shaothraigh foghnóthais agus gnóthais eile | 3,991 | 6,183 |
| | (1,225) | (2,777) |

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

| **15 Sócmhainní seasta inláimhsithe**<br><br>**COMHDHLÚITE** | **Talamh agus foirgnimh €'000** | **Trealamh ríomhaire €'000** | **Trealamh €'000** | **Sócmhainní atá á dtógáil €'000** | **Iomlán €'000** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó luacháil** | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2017 | 787,290 | 49,170 | 170,304 | 14,784 | 1,021,548 |
| Breiseanna | 20,281 | 907 | 9,314 | 19,990 | 50,492 |
| Athrangú | 552 | - | - | (552) | - |
| Diúscairtí | - | (41) | (28) | - | (69) |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2018 | 808,123 | 50,036 | 179,590 | 34,222 | 1,071,971 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2017 | 195,887 | 47,083 | 157,754 | - | 400,724 |
| Dímheas don bhliain | 15,323 | 1,311 | 6,650 | - | 23,284 |
| Diúscairtí | - | (41) | (25) | - | (66) |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2018 | 211,210 | 48,353 | 164,379 | - | 423,942 |
| **Glanluach leabhar** | | | | | |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2018 | 596,913 | 1,683 | 15,211 | 34,222 | 648,029 |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2017 | 591,403 | 2,087 | 12,550 | 14,784 | 620,824 |

Áirítear le talamh agus foirgnimh agus trealamh sócmhainní ar thug Oifigeach Pleanála an Choláiste luach €125,984,000 agus luach €8,219,000 faoi seach dóibh sa bhliain 1994 ar bhonn costais athsholáthair dhímheasta. B'ionann na luachanna sin agus an costas measta ar dháta an idirbhirt. Áirítear le talamh agus foirgnimh agus sócmhainní atá á dtógáil suim €51,347,939 (2017: €50,082,593) i leith talamh ruílse nach ndímheastar.
Áirítear leis freisin suim €1,111,477 (2017: €573,342) i leith costais phárolla chaipitlithe. Áirítear le breiseanna talún agus foirgneamh sa bhliain 2018 suim €13,117,631 i leith réadmhaoin oideachais i gCathair Chorcaí, ar cuireadh a ceannach in éifeacht trí léas airgeadas – féach nóta 25

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

### 15 Sócmhainní seasta inláimhsithe – ar lean

| OLLSCOIL | Talamh agus foirgnimh €'000 | Trealamh ríomhaire €'000 | Trealamh €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2017 | 655,253 | 48,518 | 165,319 | 14,784 | 883,874 |
| Breiseanna | 16,656 | 872 | 8,868 | 19,381 | 45,777 |
| Athranguithe | 552 | - | - | (552) | - |
| Diúscairtí | - | (11) | - | - | (11) |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2018 | 672,461 | 49,379 | 174,187 | 33,613 | 929,640 |
| **Dímheas** | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2017 | 174,864 | 46,509 | 153,561 | - | 374,934 |
| Muirear don bhliain | 13,112 | 1,265 | 6,329 | - | 20,706 |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Fháil | | (36,738) | (35,409) |
| **Eis-Sreabhadh Glan Airgid roimh Mhaoiniú** | | (25,096) | (42,726) |
| **Maoiniú** | | | |
| Deontais Chaipitil ón Údarás um Ard-Oideachas | | 111 | 8,139 |
| Deontais Chaipitil ó fhoinsí eile seachas an tÚdarás um Ard-Oideachas | | 13,197 | 12,587 |
| Íocaíocht na hoibleagáide léasa airgeadais | | (163) | - |
| Méadú in Iasachtaí Fadtéarmacha | | 29,163 | 41,274 |
| Fáltais ó Dhiúscairt Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | | 3 | - |
| **Insreabhadh Airgid ó Mhaoiniú** | | 42,311 | 62,000 |
| **Insreabhadh/(Eis-Sreabhadh) glan airgid tar éis Maoiniú** | | 17,215 | 19,274 |
| **Méadú/(Laghdú) in Airgead** | 23 | 17,215 | 19,274 |

# NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

## Bliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2018

| | 2017/2018 €'000 | 2016/2017 €'000 |
|---|---|---|
| **1. Deontais Stáit** | | |
| Deontas Athfhillteach | 40,100 | 35,524 |
| Deontas Altranais | 2,741 | 2,482 |
| Cistiú Spriocdhírithe do Thionscnaimh Speisialta | 3,962 | 3,713 |
| Mionoibreacha | 146 | 146 |
| Athchóirithe san Oideachas Leighis | 786 | 953 |
| Cistiú don Scoil Fiaclóireachta | 2,100 | 2,100 |
| Iomlán | 49,835 | 44,918 |

| | 2017/2018 €'000 | 2016/2017 €'000 |
|---|---|---|
| **2. Táillí Mac Léinn** | | |
| Acadúil | 141,586 | 136,180 |
| Iomlán | 141,586 | 136,180 |

| | 2017/2018 €'000 | 2016/2017 €'000 |
|---|---|---|
| **3. Ioncam Eile** | | |
| Ioncam Úis | 43 | 80 |
| Poist Chistithe agus Síntiúis | 1,051 | 987 |
| Cíos, Lamháltais agus Muirir Eile | 2,590 | 2,494 |
| Ranníocaíochtaí le Deontais agus Tionscadail Taighde | 14,813 | 14,480 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 23,658 | 24,020 |
| Iomlán | 42,155 | 42,061 |

| | 2017/2018 €'000 | 2016/2017 €'000 |
|---|---|---|
| **4. Deontais agus Tionscadail Taighde** | | |
| Deontais Taighde | 85,408 | 85,441 |
| Iomlán | 85,408 | 85,441 |

**Bliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2018**

| | | Costais Foirne €'000 | Neamh-phá €'000 | 2017 /2018 €'000 | 2016/ 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **5** | **Dámha agus Ranna Acadúla** | | | | |
| | Acadúil | 83,817 | - | 83,817 | 78,945 |
| | Teicniúil | 11,985 | - | 11,985 | 11,399 |
| | Tacaíocht Riaracháin | 18,394 | | 18,394 | 16,763 |
| | Deontais Roinne | - | 26,361 | 26,361 | 27,475 |
| | Speansais Ilghnéitheacha | 203 | 262 | 465 | 264 |
| | Iomlán | 114,399 | 26,623 | 141,022 | 134,846 |
| **6** | **Seirbhísí Acadúla agus Seirbhísí Eile** | | | | |
| | Costais Leabharlainne | 3,813 | 2,686 | 6,499 | 5,973 |
| | Ríomhairí/Teicneolaíocht Faisnéise | 3,225 | 2,520 | 5,745 | 5,459 |
| | An Teanglann | 902 | 356 | 1,258 | 1,140 |
| | Cló Ollscoile Chorcaí | 150 | 911 | 1,061 | 658 |
| | An tIonad Closamhairc | 643 | 146 | 789 | 758 |
| | An tAonad Forbartha Teagaisc | 244 | 187 | 431 | 341 |
| | Gaeilge Labhartha/ó Bhéal | 656 | 65 | 721 | 651 |
| | An tAonad Seirbhísí Bitheolaíocha | 536 | 292 | 828 | 757 |
| | Teagasc agus Foghlaim | 728 | 99 | 827 | 1,067 |
| | An Oifig Tacaíochta Taighde/Aistrithe Teicneolaíochta | 1,365 | 644 | 2,009 | 1,781 |
| | **Iomlán** | 12,262 | 7,906 | 20,168 | 18,585 |
| **7** | **Áitreabh** | | | | |
| | Cothabháil Áitribh | 4,256 | 4,370 | 8,626 | 8,545 |
| | Seirbhísí Ginearálta | 3,324 | 3,702 | 7,026 | 6,816 |
| | An Oifig um Chosaint Radaíochta | 51 | 14 | 65 | 119 |
| | Cíos agus Rátaí | - | 295 | 295 | 279 |
| | Árachas | - | 1,477 | 1,477 | 1,258 |
| | Costais Fuinnimh | - | 3,379 | 3,379 | 3,930 |
| | Iomlán | 7,631 | 13,237 | 20,868 | 20,947 |
| **8** | **Suim a Leithdháileadh chun Críocha Caipitil** | | | | |
| | Tionscadail Chaipitil | | | 4,350 | 4,342 |
| | Trealamh | | | 986 | 770 |
| | Iomlán | | | 5,336 | 5,112 |

## NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

### Bliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2018

| | | Costais Foirne €'000 | Neamhphá €'000 | 2017/2018 €'000 | 2016/2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **9.** | **Riarachán Láir agus Seirbhísí** | | | | |
| | Riarachán | 15,549 | - | 15,549 | 14,016 |
| | Speansais | - | 2,001 | 2,001 | 1,564 |
| | Muirir Ghairmiúla | - | 3,563 | 3,563 | 2,424 |
| | Ilghnéitheach | - | 2,391 | 2,391 | 2,223 |
| | Iomlán | 15,549 | 7,955 | 23,504 | 20,227 |
| **10.** | **Caiteachas Ginearálta Oideachais** | | | | |
| | Speansais Scrúdaithe | 940 | 256 | 1,196 | 1111 |
| | Scoláireachtaí agus Duaiseanna | - | 2,802 | 2,802 | 3009 |
| | Caipitíocht Ollscoil na hÉireann | - | 444 | 444 | 433 |
| | Speansais Ilghnéitheacha | 533 | 399 | 932 | 937 |
| | Iomlán | 1,473 | 3,901 | 5,374 | 5,490 |
| **11.** | **Seirbhísí do Mhic Léinn** | | | | |
| | Caipitíocht agus Deontais Eile | - | 1,085 | 1,085 | 1,093 |
| | Seirbhísí do Mhic Léinn | 481 | 151 | 632 | 709 |
| | An Oifig Gairmeacha | 776 | 74 | 850 | 801 |
| | Spórt agus Caitheamh Aimsire | 940 | 182 | 1,122 | 1,067 |
| | Sláinte agus Comhairleoireacht | 2,459 | 692 | 3,151 | 2,934 |
| | Iomlán | 4,656 | 2,184 | 6,840 | 6,604 |
| **12.** | **Caiteachas Ilghnéitheach** | | | | |
| | Pinsin | 7,659 | - | 7,659 | 8,081 |
| | Speansais Ilghnéitheacha | - | 422 | 422 | 322 |
| | Ús Bainc Iníoctha | - | 1,417 | 1,417 | 819 |
| | Iomlán | 7,659 | 1,839 | 9,498 | 9,222 |
| **13.** | **Comhdhéanamh an Chaiteachais Iomláin** | | | | |
| | Seirbhísí Acadúla agus Seirbhísí Gaolmhara | 163,629 | 68,981 | 232,610 | 221,033 |
| | Deontais agus Tionscadail Taighde | 64,669 | 20,739 | 85,408 | 85,441 |
| | Caiteachas Iomlán | 228,298 | 89,720 | 318,018 | 306,474 |

| | Ioncam €'000 | Caiteachas €'000 | Barrachas/(Easnamh) 2017/2018 €'000 | Barrachas/(Easnamh) 2016/2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **14. Seirbhísí Coimhdeacha - Achoimre** | | | | |
| Áiléar Ealaíne | 334 | 624 | (290) | (264) |
| Saoráidí Fóillíochta | 2,464 | 4,400 | (1,936) | (1,490) |
| Árais Chónaithe Mac Léinn | 7,788 | 4,558 | 3,230 | 2,980 |
| Student Facilities & Services (UCC) DAC | 3,386 | 4,127 | (741) | (680) |
| Acadamh UCC | 89 | 2,557 | (2,468) | (2,204) |
| Foras Bainistíochta na hÉireann | 15,499 | 13,926 | 1,573 | 880 |
| Saoráidí Leighis/Fiaclóireachta agus Saoráidí Eile Cuntas Forbartha | 2 | 27 | (25) | (144) |
| Easnamh - Seirbhísí Coimhdeacha | 29,562 | 30,219 | (657) | (922) |

**15. Dímheas Sócmhainní Seasta**

| | 2017/2018 €'000 | 2016/2017 €'000 |
|---|---|---|
| Foirgnimh | 15,358 | 14,833 |
| Trealamh | 7,961 | 6,913 |
| | 23,319 | 21,746 |

**16. Gluaiseacht sa Chúlchiste Ginearálta**

| | 2017/2018 €'000 | 2016/2017 €'000 |
|---|---|---|
| Amúchadh an Chúlchiste Ghinearálta de réir Dímheasa | 23,319 | 21,746 |
| Ioncam agus Caiteachas chuig an gCuntas Cúlchiste Ghinearálta | 25 | 144 |
| | 23,344 | 21,890 |

## 17. Sócmhainní Seasta

| | Talamh agus Foirgnimh (sócmhainní oidhreachta san áireamh) €'000 | Trealamh €'000 | 2017/2018 €'000 | 2016/2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas/Luacháil ag an 1 Deireadh Fómhair** | | | | |
| Luacháil | 125,196 | 8,219 | 133,415 | 133,415 |
| Costas | 680,940 | 214,378 | 895,318 | 831,426 |
| | 806,136 | 222,597 | 1,028,733 | 964,843 |
| Sócmhainní Fhoras Bainistíochta na hÉireann a Fuarthas | - | - | - | 26,045 |
| Breiseanna de réir Costais | 37,618 | 12,238 | 49,856 | 37,867 |
| Diúscairtí | - | (69) | (69) | (20) |
| **Costas/Luacháil ag an 30 Meán Fómhair** | | | | |
| Luacháil | 125,196 | 8,219 | 133,415 | 133,415 |
| Costas | 718,558 | 226,547 | 945,105 | 895,318 |
| Iomlán | 843,754 | 234,766 | 1,078,520 | 1,028,733 |
| **Dímheas ag an 1 Deireadh Fómhair** | 196,558 | 207,961 | 404,519 | 378,661 |
| Sócmhainní Fhoras Bainistíochta na hÉireann a Fuarthas | - | - | - | 3,128 |
| Lúide dímheas carntha ar dhiúscairtí | - | (66) | (66) | (16) |
| Dímheas don Bhliain | 15,358 | 7,961 | 23,319 | 21,746 |
| **Dímheas ag an 30 Meán Fómhair** | 211,916 | 215,856 | 427,772 | 404,519 |
| **Glanluach leabhar i dtús na bliana** | 609,578 | 14,636 | 624,214 | 585,180 |
| **Glanluach leabhar ag deireadh na bliana** | 631,838 | 18,910 | 650,748 | 624,214 |

*Áirítear le glanluach leabhar na talún agus na bhfoirgneamh thuas suim €12,881,000 a bhaineann le sócmhainní atá á sealbhú faoi léas airgeadais. Cuirtear an dliteanas gaolmhar ar áireamh in iasachtaí fadtéarmacha agus oibleagáidí léasa airgeadais. Ar áireamh sna nithe thuas atá sócmhainní a mheastar a bheith coinnithe chun críocha oidhreachta. Cé gur foirgnimh atá i bhformhór na sócmhainní sin, tá roinnt lámhscríbhinní ina measc freisin. Is leis an Ollscoil freisin líon suntasach saothar ealaíne, lena n-áirítear pictiúir, airgead, dealbha agus lámhscríbhinní ríluachmhara. Ní chuirtear na saothair ealaíne sin ar áireamh sa chlár comhardaithe mar go meastar nach féidir aon luach fiúntach a thabhairt dóibh, cé go bhfuil luachanna móra d'árachas orthu. Cheannaigh an Ollscoil sócmhainní oidhreachta ar chostas €166,000 sa bhliain airgeadais reatha.*

| | | 2017/2018 €’000 | 2016/2017 €’000 |
|---|---|---|---|
| **18.** | **Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí** | | |
| | | 14,392 | 18,606 |
| | Féichiúnaithe Eile agus Réamhíocaíochtaí | | |
| | | 14,392 | 18,606 |
| | | | |
| **19.** | **Creidiúnaithe agus Caiteachas Fabhraithe** | | |
| | | 70,988 | 71,976 |
| | Deontais Taighde ar Conradh agus Airgead Tionscadail nár caitheadh | 2,040 | 2,525 |
| | Deontas stáit le haghaidh Caiteachas Athfhillteach a fuarthas roimh ré | 48,350 | 42,886 |
| | Táillí Acadúla a fuarthas roimh ré | 55,971 | 52,532 |
| | Creidiúnaithe Eile agus Fabhruithe | | |
| | | 177,349 | 169,919 |

| **20.** | **Cúlchiste Ginearálta** | **Iarmhéid Tosaigh €’000** | **Gluaiseacht sa Bhliain Reatha €’000** | **Iarmhéid Deiridh €’000** | **Gluaiseacht sa Bhliain Roimhe €’000** |
|---|---|---|---|---|---|
| | Luacháil - Sócmhainní Seasta | 133,415 | - | 133,415 | - |
| | Deontais Chaipitil Stáit | 347,648 | 111 | 347,759 | 8,139 |
| | Aistriú an Chistiúcháin Athfhilltigh | 91,257 | 5,336 | 96,593 | 5,112 |
| | Síntiúis Chaipitil | 151,972 | 706 | 152,678 | 551 |
| | Eile | 116,482 | 7,180 | 123,662 | 7,068 |
| | | 840,774 | 13,333 | 854,107 | 20,870 |
| | Diúscairtí | - | (58) | (58) | (20) |
| | **Amúchadh** | | | | |
| | Amúchadh i dTús na Bliana | (401,996) | - | - | - |
| | Lúide Amúchadh ar Dhiúscairt | - | 58 | - | 20 |
| | Amúchadh chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain | - | (23,319) | - | (21,746) |
| | Amúchadh ag Deireadh na Bliana | - | - | (425,020) | - |
| | | 438,778 | (9,986) | 428,792 | (876) |

| | 2017/2018 €'000 | 2016/2017 €'000 |
|---|---|---|
| **21 Cúlchistí Ioncaim** | | |
| Iarmhéid Tosaigh | (2,887) | (4,235) |
| Barrachas don bhliain | 334 | 1,348 |
| Iarmhéid Deiridh | (2,553) | (2,887) |

## 22 Sreabhadh Airgid

**Réiteach Bharrachas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais leis an (Eis-sreabhadh)/insreabhadh glan airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin**

| | 2017/2018 €'000 | 2016/2017 €'000 |
|---|---|---|
| Barrachas don Bhliain | 334 | 1,348 |
| Ús a Fuarthas | (43) | (80) |
| Ús a Íocadh | 1,417 | 819 |
| | 1,708 | 2,087 |
| Caillteanas ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta | | 4 |
| Dímheas Sócmhainní Seasta | 23,319 | 21,746 |
| Amúchadh an Chúlchiste Ghinearálta | (23,319) | (21,746) |
| Cáilmheas | - | (714) |
| Méadú/(Laghdú) i bhFéichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 4,214 | (5,699) |
| Méadú i Stoic | (361) | (120) |
| Méadú/(Laghdú) i gCreidiúnaithe agus Fabhruithe | 7,430 | (2,280) |
| Gluaiseacht i Seirbhísí Coimhdeacha | 25 | 144 |
| Insreabhadh/(Eis-Sreabhadh) Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | 13,016 | (6,578) |

| | 2017/2018 €'000 | 2016/2017 €'000 |
|---|---|---|
| **23 Anailís ar an Athrú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid** | | |
| Iarmhéid ag an 1 Deireadh Fómhair | 68,880 | 49,116 |
| Airgead agus Coibhéisí Airgid Fhoras Bainistíochta na hÉireann ar an gCeannach | - | 490 |
| Insreabhadh Glan Airgid | 17,215 | 19,274 |
| Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair | 86,095 | 68,880 |

| | 2017/2018 €'000 | 2016/2017 €'000 |
|---|---|---|
| **24 Ceangaltais Chaipitil** | | |
| Ceangaltais a raibh conradh déanta dóibh ag an 30 Meán Fómhair | 12,403 | 15,703 |
| Ceangaltais a bhí údaraithe agus nach raibh conradh déanta dóibh ag an 30 Meán Fómhair | 7,853 | 25,936 |
| | 20,256 | 41,639 |

## 25. Ceangaltais agus Teagmhais

Bíonn an Ollscoil ina páirtí in imeachtaí dlíthiúla éagsúla ó am go chéile. Déantar soláthar do na cásanna sin sna ráitis airgeadais seo, cibé áit a bhfuil sé indéanta ag an am seo meastachán iontaofa a thabhairt ar an tionchar airgeadais (más ann dó) a bheidh acu.

## 26. Pinsin

D'fheidhmigh an Ollscoil trí scéim pinsean sochair shainithe le linn na bliana, ba iad sin: an Scéim Dhúnta, an Scéim Eiseamláireach agus an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Tugtar cuntas ar chostais phinsin trí mhuirearú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le pinsin a sholáthar thar an tréimhse ina mbaineann an Ollscoil tairbhe as seirbhísí na bhfostaithe.

Is baill de scéim pinsean nua, ar a dtugtar an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, atá i ngach fostaí a chuaigh isteach sa tSeirbhís Phoiblí den chéad uair an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íoctar ranníocaíochtaí na mball den Scéim Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déantar sochair phinsin d'fhostaithe áirithe eile de chuid foghnóthas áirithe a íoc trí íocaíochtaí a dhéanamh le scéimeanna pinsean ranníocaíochta sainithe. Muirearaítear ranníocaíochtaí ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain ina mbíonn siad dlite.

Is iad achtúirí comhairleacha a rinne an luacháil achtúireach is déanaí agus thug siad tuairisc uirthi i mí Eanáir 2019.

## 27. Cuntas Rialaithe Pinsin

| | 2017/18 Scéim Dhúnta €'000 | 2017/18 Scéim Eiseam-láireach €'000 | 2017/18 Scéim Eiseam-láireach* €'000 | 2017/18 Scéim Aonair €'000 | 2017/18 Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | (59,780) | 36,093 | 12,909 | 12,359 | 1,581 |
| ***Ioncam*** | | | | | |
| Ranníocaíochtaí a fuarthas ón bhfostóir | 7,228 | 458 | 1,563 | 4,743 | 13,992 |
| Ranníocaíochtaí a fuarthas ó fhostaithe | 2,651 | 1,958 | 508 | 1,994 | 7,111 |
| Aistrithe pinsin isteach (airgead a fuarthas) | 24 | 3 | | | 27 |
| Ioncam forlíonta | 3,051 | | | | 3,051 |
| Cistiú ó HEA – Costais Phinsin | 3,800 | | | | 3,800 |
| Dliteanas UCC maidir le Blianta Breise Pinsin a Chistiú | 807 | | | | 807 |
| Ioncam i leith ceannach blianta breise | 393 | 152 | 5 | - | 550 |
| **Ioncam Iomlán** | 17,954 | 2,571 | 2,076 | 6,737 | 29,338 |
| ***Caiteachas*** | | | | | |
| Pinsin atá á n-íoc (forlíonadh san áireamh) | 24,769 | 208 | 27 | - | 25,004 |
| Íocaíochtaí cnapshuime tráth an scoir | 4,547 | 218 | - | - | 4,765 |
| Íocaíochtaí i leith bás le linn seirbhíse | 88 | 45 | - | 531 | 664 |
| Aistriú pinsin amach (íocaíochtaí airgid) | - | 8 | - | - | 8 |
| Aisíocaíochtaí ranníocaíochtaí | 32 | - | - | 161 | 193 |
| Ranníocaíochtaí ó fhostaithe a íocadh ar aghaidh | - | - | - | 1,806 | 1,806 |
| Riarachán agus costais eile | 436 | 314 | 65 | (160) | 655 |
| **Caiteachas Iomlán** | 29,872 | 793 | 92 | 2,338 | 33,095 |
| (Easnamh)/Barrachas | (71,698) | 37,871 | 14,893 | 16,758 | (2,176) |
| Deontas atá infhaighte ó HEA/(iníoctha le HEA) | 71,698 | (37,871) | (14,893) | (16,758) | 2,176 |

Is i gCreidiúnaithe agus Fabhruithe (Nóta 19) a chuirtear ar áireamh an glandeontas €1.6m atá iníoctha leis an Údarás um Ard-Oideachas (HEA).
*Tá an Ráta Nua ECF cothrom le 20%

## 28. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Rinneadh gníomhaíochtaí na bhfochuideachtaí seo a leanas, atá faoi lánúinéireacht na hOllscoile, a chomhdhlúthú le Cuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Clár Comhardaithe Choláiste na hOllscoile, Corcaigh:

Property Management (UCC) DAC
Campus Accommodation (UCC) DAC
Student Facilities & Services (UCC) DAC
Biosciences (UCC) DAC
Mardyke Leisure (UCC) DAC
Art Gallery (UCC) DAC
Tenton DAC
UCC Academy DAC
Foras Bainistíochta na hÉireann

## 29. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Comhlacht Ceannais na ráitis airgeadais a cheadú an 29 Deireadh Fómhair 2019.

## RÉITEACH RÁITEAS CISTIÚCHÁIN AN ÚDARÁIS UM ARD-OIDEACHAS LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE

## AN BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2018

| | Ráitis airgeadais chomhdhlúite | Ciste Iontaobhais | Coigeartuithe ar an gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis | Ráiteas cistiúcháin an Údaráis um Ard-Oideachas |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **IONCAM** | | | | |
| Deontais Stáit | 49,721 | - | 114 | 49,835 |
| Táillí acadúla | 142,272 | - | (686) | 141,586 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 94,750 | - | (9,342) | 85,408 |
| Amúchadh deontas caipitil Stáit | 10,753 | - | 12,566 | 23,319 |
| Ioncam oibriúcháin eile | 56,163 | - | 15,507 | 71,670 |
| Ioncam úis | 45 | - | - | 45 |
| Ioncam infheistíochta | 440 | (440) | - | - |
| Síntiúis agus dearlaicí | 1,931 | (673) | (1,258) | - |
| Gnóthachan ar infheistíochtaí | 566 | (566) | - | - |
| Glanchistiú iarchurtha le haghaidh pinsean | 61,475 | - | (61,475) | - |
| Ioncam iomlán | 418,116 | (1,679) | (44,574) | 371,863 |
| Caiteachas iomlán | 419,341 | (220) | (47,592) | 371,529 |
| (Easnamh)/barrachas don bhliain | (1,225) | (1,459) | 3,018 | 334 |

Rinneadh gnéithe den chaiteachas Caipitil agus den chaiteachas Athfhillteach araon a thuairiscítear sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite seo a chistiú faoi cheann amháin nó níos mó de na cláir seo a leanas a riarann an tÚdarás um Ard-Oideachas iad:

Ireland's EU Structural Funds Programmes 2007 - 2013
Co-funded by the Irish Government and the European Union

EUROPEAN REGIONAL DEVELOPMENT FUND

An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta
Department of Enterprise, Trade and Innovation

Science Foundation Ireland sfi For what's next

**Infheistíocht a Dhéanamh i do Thodhchaí**

**An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal**
**(PRTLI)**

Déanann Rialtas na hÉireann agus an tAontas Eorpach an Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal a chomhchistiú faoi Chlár Cistí Struchtúracha an Aontais Eorpaigh-na hÉireann 2007 – 2013.

# AGUISÍN 1

# CORK UNIVERSITY FOUNDATION DAC-RÁITIS AIRGEADAIS 2018

# Fondúireacht Ollscoil Chorcaí
## (Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)

## Tuarascáil na Stiúrthóirí agus Ráitis Airgeadais

## don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018

# Fondúireacht Ollscoil Chorcaí
**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)**

**CLÁR ÁBHAR**


| | |
|---|---|
| Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile | 2 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 3 - 7 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 8 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha | 9 - 10 |
| Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais | 11 |
| Ráiteas ar Staid Airgeadais | 12 |
| Ráiteas ar Athruithe i gCothromas | 13 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 14 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 15 - 27 |

# Fondúireacht Ollscoil Chorcaí

**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)**

**STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE**

| | |
|---|---|
| **Stiúrthóirí** | Cornelius Killian Hurley<br>Patrick O'Shea<br>Michael Dowling<br>Neil O'Leary<br>William M. Murphy<br>Mary Noelle Sheppard (a ceapadh an 20 Aibreán 2018 agus a d'éirigh as an 01 Márta 2019) |
| **Rúnaí na Cuideachta** | Cal Healy (a d'éirigh as an 21 Meán Fómhair 2018)<br>Kelly Kirkpatrick (a ceapadh an 21 Meán Fómhair 2018 agus a d'éirigh as an 01 Márta 2019)<br>Robert Donelson (a ceapadh an 01 Márta 2019) |
| **Uimhir Chláraithe na Cuideachta** | 243605 |
| **Uimhir Charthanais Chláraithe** | CHY11831 |
| **Oifig Chláraithe** | Oifig Forbartha agus Alumni<br>2.12 Foirgneamh na Tairsí Thiar<br>Bóthar an Iarthair<br>Corcaigh |
| **Seoladh Gnó** | Oifig Forbartha agus Caidrimh Alumni<br>2.12 Foirgneamh na Tairsí Thiar<br>Bóthar an Iarthair<br>Corcaigh |
| **Iniúchóirí Neamhspleácha** | Mazars<br>Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla<br>Teach na Méarachta<br>Sráid Thobar an Iarla<br>Gaillimh |
| **Aturnaetha** | McCann Fitzgerald Solicitors<br>Riverside One<br>Cé Sir John Rogerson<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Baincéirí** | Bainc-Aontas Éireann<br>66 An Meal Theas<br>Corcaigh<br>Éire |

## Fondúireacht Ollscoil Chorcaí

**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)**

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018

Tá áthas ar na Stiúrthóirí an Tuarascáil bhliantúil Stiúrthóirí uathu a chur i láthair i dteannta ráitis airgeadais iniúchta Fhondúireacht Ollscoil Chorcaí (dá ngairtear an Fhondúireacht nó an carthanas anseo feasta) don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018, a ullmhaítear freisin chun ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014, a chomhlíonadh. Cloíonn na ráitis airgeadais leis an Acht Carthanas 2009, le hAcht na gCuideachtaí, 2014, leis an Meabhrán agus na hAirteagail Chomhlachais, agus le Cuntasaíocht agus Tuairisciú ag Carthanais: Ráiteas faoi Chleachtas Molta (SORP) is infheidhme maidir le carthanais agus iad ag ullmhú a gcuntas de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn (FRS 102).

**Stiúrthóirí agus Rúnaí**

Ba mar seo a leanas, seachas mar a luaitear a mhalairt, a bhí na stiúrthóirí a bhí ar seirbhís sa bhliain:

Cornelius Killian Hurley
Patrick O'Shea
Michael Dowling
Neil O'Leary
William M. Murphy
Mary Noelle Sheppard (a ceapadh an 20 Aibreán 2018 agus a d'éirigh as an 01 Márta 2019)

Ba iad seo na rúnaithe a bhí ar seirbhís sa bhliain:

Cal Healy (a d'éirigh as an 21 Meán Fómhair 2018)
Kelly Kirkpatrick (a ceapadh an 21 Meán Fómhair 2018 agus a d'éirigh as an 01 Márta 2019)
Robert Donelson (a ceapadh an 1 Márta 2019)

De réir an Bhunreachta, is amhlaidh, ag gach Cruinniú Ginearálta, go ndéanfaidh ceathrú amháin de na Stiúrthóirí de thuras na huaire nó, murab ionann a líon agus ceathrar nó aon iolrú ar cheathrar, an líon is cóngaraí do cheathrú, éirí as oifig agus, i gcás go mbeidh siad incháilithe, tairgfidh siad iad féin lena n-athcheapadh.

**Ráiteas an Chathaoirligh**

Tá ag éirí leis an bhFondúireacht fós a misean a chomhlíonadh agus tacaíocht airgeadais a chruinniú do Choláiste na hOllscoile, Corcaigh (dá ngairtear an Ollscoil anseo feasta), chun cabhrú lena cothabháil mar ollscoil a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aici trí chur chun feidhme an Phlean Straitéisigh uaithi agus trí cháilíocht a heispéiris do mhic léinn, lena n-áirítear sármhaitheas teagaisc agus taighde.

Mar thoradh ar an dea-fheidhmíocht leantach in ioncam a ghiniúint ó ghníomhaíochtaí carthanúla, bhí an Fhondúireacht in ann geall le €1.7m a eisíoc leis an Ollscoil sa bhliain. Úsáideadh é chun tacaíocht dhíreach a thabhairt do gheall le 40 ní, idir chláir, thionscadail, scoláireachtaí, dheontais agus dhuaiseanna, lenar áiríodh Droichead Uí Chaomhánaigh, Clár UCC Plus+, agus Dánlann Glucksman.

Tá sé mar aidhm ag an bhFondúireacht úsáid a bhaint as na hacmhainní breise atá tugtha di ag an Ollscoil chun méadú a dhéanamh ar an gcistiú a bheidh sí in ann a chur ar fáil don Ollscoil sna blianta atá le teacht, go háirithe le haghaidh príomhthionscadail straitéiseacha agus príomhghníomhaíochtaí straitéiseacha ar fud na gceithre choláiste agus na hOllscoile.

Gabhtar buíochas le gach duine a thug síntiús don Fhondúireacht. Bíonn an tacaíocht fhlaithiúil uathu ríthábhachtach don Ollscoil agus í ag iarraidh a spriocanna a bhaint amach agus a Plean Straitéiseach a chomhlíonadh. Gabhtar buíochas leis an Ollscoil freisin as an méid leantach a chuireann sí leis an bhFondúireacht ó thaobh baill foirne, seirbhísí agus áitribh a sholáthar de.

**Cuspóir na Fondúireachta agus Athbhreithniú ar Ghníomhaíochtaí**

Faoi mar atá leagtha amach sa Mheabhrán Comhlachais uaithi, is é cuspóir na Fondúireachta cur leis an oideachas agus an taighde a dhéanann an Ollscoil go háirithe. Faoi mar atá leagtha amach i gCairt Síntiúsóirí an charthanais, is é misean na Fondúireachta ná tacaíocht, cistiú agus comhairle a chruinniú le haghaidh an Ollscoil a chothabháil mar ollscoil a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aici mar ollscoil den chéad scoth, rud a bhainfear amach trí chur chun feidhme Phlean Straitéiseach na hOllscoile.

Is é atá i gceist leis an straitéis atáthar ag leanúint chun cuspóir agus misean na Fondúireachta a bhaint amach ná gníomhaíochtaí an charthanais a ailíniú go straitéiseach:

- le gach ceann de na ceithre choláiste de chuid na hOllscoile chun tacú lena riachtanais straitéiseacha agus lena dtionscnaimh straitéiseacha, agus
- le tionscnaimh straitéiseacha thras-ollscoile.

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018

Faigheann gach coláiste ar leith tacaíocht ó chruinnitheoir airgid tiomnaithe, a oibríonn i ndlúthchomhar leis an gCeann coláiste faoi seach chun pleananna cistiúcháin a shainaithint agus a fhorbairt le haghaidh réimsí straitéiseacha a dteastaíonn tacaíocht uathu. Laistigh den Oifig Forbartha agus Alumni san Ollscoil, tuairiscíonn cruinnitheoirí airgid don Stiúrthóir Forbartha. I gcomhar leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, oibríonn an Stiúrthóir Forbartha chun tacú le tionscnaimh straitéiseacha thras-ollscoile trí bhonneagar an charthanais.

Baineann ríthábhacht leis an tacaíocht fhlaithiúil leantach ó alumni agus ó bhronntóirí eile don Ollscoil chun go mbeifear in ann misean na Fondúireachta a chomhlíonadh, agus tá an carthanas tiomanta do chaidreamh iontaoibhe frithpháirtí agus measa fhrithpháirtigh a chothú lena shíntiúsóirí uile.

Tá sé mar aidhm ag an bhFondúireacht cloí leis na Treoirlínte ó Institiúid Carthanas Éireann d'Eagraíochtaí Carthanúla maidir le hAirgead a Chruinniú ón bPobal, agus oibríonn baill foirne na hOifige Forbartha agus Alumni de réir na luachanna seo a leanas agus iad ag comhlíonadh na ngníomhaíochtaí uile de chuid an charthanais:

- Ionracas - i ngach idirghníomhaíocht inmheánach agus sheachtrach.
- Cuntasacht - do shíntiúsóirí, don ollscoil agus do na comhlachtaí rialála uile. Buanseasmhacht - chun éifeachtacht an dua a uasmhéadú.
- Cothromaíocht - chun inbhuanaitheacht an dua a chinntiú.
- Cumhachtú - chun sármhaitheas a chothú.
- Gairmiúlacht - chun cáilíocht agus comhsheasmhacht na hoibre a chinntiú.
- Rannpháirtíocht - chun caidreamh tairbheach táirgiúil agus braistint phobail a chothú.

Tá príomhghníomhaíochtaí leanúnacha na Fondúireachta ag teacht le struchtúr coláiste na hOllscoile mar seo a leanas:

- Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta Coláiste an Leighis agus na Sláinte
- Coláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia
- Coláiste an Ghnó agus an Dlí
- Tacaíocht Tras-Ollscoile

Ní raibh aon athrú suntasach ann sna gníomhaíochtaí sin sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018.

**Struchtúr, Rialachas agus Bainistíocht**

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici is ea an Fhondúireacht. Rialaítear í lena Meabhrán agus lena hAirteagail Chomhlachais dar dáta an 23 Nollaig 1996 agus tá sí faoi rialú ag a Bord Stiúrthóirí. Tá an Fhondúireacht cláraithe mar charthanas leis an Údarás Rialála Carthanas agus tá stádas cánach carthanúil aici.

Déanann baill foirne na hOifige Forbartha agus Alumni san Ollscoil na cistí uile a bhfaigheann an Fhondúireacht iad a thaifeadadh, a logáil agus a chur sa bhanc de réir beartais agus próisis bhunaithe maidir le tabhartais a riar agus a chur i gcuntas. Ní mór don Ollscoil na heisíocaíochtaí uile ón bhFondúireacht leis an Ollscoil a iarraidh go foirmiúil agus ní mór do Bhord na Fondúireachta iad a cheadú. Leanann an Fhondúireacht le faireachán a dhéanamh ar an rialachas corparáideach a bhíonn ag forbairt san earnáil carthanas.

De réir a Bunreachta, tá an Fhondúireacht faoi rialú ag Bord Stiúrthóirí a thagann le chéile ceithre huaire sa bhliain ar a laghad. Tá sé de chumhacht ag an mBord stiúrthóirí breise a cheapadh. Tá cúigear comhaltaí ar a laghad ag an mBord. Níl aon uasteorainn ann leis an líon comhlachtaí den Bhord. Ar na comhaltaí den bhord tá Uachtarán UCC, ar comhalta de bhrí oifige é.

**Rialuithe inmheánacha**

Admhaíonn na Stiúrthóirí an fhreagracht fhoriomlán atá orthu as córas rialaithe inmheánaigh na Fondúireachta. Cothaíonn an Fhondúireacht córas rialuithe láidre airgeadais agus oibriúcháin, lena n-áirítear gnáthnósanna imeachta oibriúcháin, leithscaradh dualgas, rialuithe bainistíochta airgid agus réitigh chuntas. Is é an toradh atá ar chóras rialuithe cuntasaíochta ciste ná go gcinntítear go saineofar cistí go cruinn, go dtuairisceofar iarmhéideanna cuntais agus go n-eisíocfar cistí go tráthúil i gcomhréir le rún na síntiúsóirí agus le ceanglais reachtúla.

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018

**Éachtaí agus Feidhmíocht sa bhliain 2018**

Tá áthas ar an mBord Stiúrthóirí a thuairisciú gur dhea-bhliain a bhí sa bhliain 2018. B'ionann agus €1,675,945 an t-ioncam iomlán ó ghníomhaíochtaí carthanúla, agus é miondealaithe mar seo a leanas:

- Coláiste an Leighis agus na Sláinte: €755,614 - lena n-áirítear €270,373 don Chiste Cardashoithíoch agus €201,180 don Ionad Naíonán.
- Coláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia: €186,759 - lena n-áirítear €119,000 le haghaidh scoláireachtaí taighde.
- Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta: €161,662 - lena n-áirítear €50,000 do Thionscadal Locus.
- Coláiste an Ghnó agus an Dlí: €8,357
- Tacaíocht Tras-Ollscoile: €563,557 - lena n-áirítear €231,433 do Chlár UCC Plus+

B'ionann agus €1,686,220 na heisíocaíochtaí iomlána leis an Ollscoil, agus iad miondealaithe mar seo a leanas:

- Coláiste an Leighis agus na Sláinte: €168,567 - lena n-áirítear €48,798 le haghaidh taighde ailse.
- Coláiste na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta Bia: €164,251 - lena n-áirítear €127,667 le haghaidh poist agus scoláireachtaí acadúla.
- Coláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta: €70,875 - lena n-áirítear €25,000 do Thionscadal Locus.
- Coláiste an Ghnó agus an Dlí: €500.
- Tacaíocht Tras-Ollscoile: €1,282,028 - lena n-áirítear €705,746 le haghaidh Dhroichead Uí Chaomhánaigh agus €400,000 le haghaidh Chlár UCC Plus+.

Leanann an Fhondúireacht le cuid mhór tacaíochta cistiúcháin a thabhairt do chláir ríthábhachtacha thaighde ailse atá ar bun in UCC agus i gcomhpháirt le hOspidéal Ollscoile Chorcaí. Eisíocadh breis agus €4m leis na cláir sin sna deich mbliana a chuaigh thart. Chomh maith leis sin, tacaíonn an Fhondúireacht le cláir thaighde leighis i gColáiste an Leighis agus na Sláinte, lena n-áirítear Cnáimhseachas agus Ginéiceolaíocht agus an tIonad Naíonán, mar aon le roinnt mórchlár agus ranna amhail Seaneolaíocht Chliniciúil agus Athshlánú, Scoil na Cógaisíochta, agus an tIonad um Atáirgeadh Daonna Móilíneach.

De bhreis air sin, tugann an Fhondúireacht tacaíocht dhíreach ar fud na gceithre choláiste ó thaobh deontas, scoláireachtaí agus cistiú do phoist acadúla de. Baineann ríthábhacht leis an tacaíocht sin ar fad chun go mbeifear in ann sármhaitheas teagaisc agus taighde a chothabháil ar fud na hOllscoile.

**Torthaí Airgeadais**

Sa bhliain 2018, tá easnamh €43,879 (2017: barrachas €657,630) ag an bhFondúireacht, rud atá comhdhéanta d'ioncam dar luach €1,702,508 (2017: €2,660,081) agus de chaiteachas iomlán dar luach €1,746,387 (2017: €2,002,451). Ba í an phríomhghné den chaiteachas ná eisíocaíochtaí dar luach iomlán €1,686,220 (2017: €1,893,551) leis an Ollscoil. Údar páirteach leis an easnamh is ea caillteanas luacha chóir ar laghdú iarmhéid infheistíochta an charthanais le Davy's (€20,732). Údar páirteach eile leis is ea gur mó an caiteachas iomlán ná an t-ioncam iomlán. Tá na stiúrthóirí sásta leis na torthaí don bhliain.

**Feidhmíocht Airgeadais**

B'ionann agus €1,675,945 an t-ioncam ó ghníomhaíochtaí carthanúla. Ba laghdú €959,023 é sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Is é an phríomhchúis leis an ngluaiseacht sin ná síntiús €1,000,000 a fuarthas i mí Feabhra 2017 le haghaidh cathaoirleach in Innealtóireacht. Ní bhfuarthas aon síntiús aonair a bhí chomh mór sin sa bhliain 2018. Gan an síntiús sin a áireamh, bhí méadú 3% ó bhliain go bliain ann san ioncam ó na gníomhaíochtaí carthanúla eile uile.

De bhreis air sin, tá an carthanas ag léiriú ioncam cothrom le €46,076 ó sheirbhísí deonaithe. Tá an t-ioncam sin ina léiriú ar luach na foirne, na cóiríochta seirbhísithe agus na seirbhísí eile ar sholáthair an Ollscoil iad le haghaidh reáchtáil na Fondúireachta sa bhliain. Ní raibh aon ioncam comhfhreagrach ann sa bhliain roimhe, toisc go ndearna an Fhondúireacht aisíocaíocht leis an Ollscoil as na seirbhísí sin trína cúlchiste ginearálta neamhshrianta a úsáid sa bhliain 2017, rud a roghnaigh sí gan a dhéanamh sa bhliain 2018. Maidir le luach na seirbhísí deonaithe sa bhliain 2018, mar a bhí €60,167 (2017: €107,302), taifeadtar é freisin mar chuid den chostas a bhaineann le cistí a chruinniú.

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018

Bhí laghdú €207,331 (11%) ann in eisíocaíochtaí i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Tá sé sin ina léiriú ar ghnáthathrú sna cistí a theastaíonn ón Ollscoil. Áiríodh leis na heisíocaíochtaí suim €110,000 a eisíocadh sa bhliain 2017 le haghaidh an tionscadail tógála caipitil atá neodrach ó thaobh carbóin de.

Is tugtha i Nóta 5 leis na ráitis airgeadais atá na príomhfhoinsí cistiúcháin ó thaobh miondealú geografach de. Maidir leis an gcineál síntiúsóra, ba ó dhaoine aonair a fuarthas 43% de na síntiúis airgid a fuarthas sa bhliain 2018. Ba mhéadú é sin ó 27% sa bhliain roimhe. Ba ó shíntiúsóirí corparáideacha a fuarthas 19% de na síntiúis airgid. Ba laghdú é sin ó 48% sa bhliain roimhe. Mínítear na gluaiseachtaí sin leis an síntiús corparáideach €1,000,000 a fuarthas le haghaidh an chathaoirligh in Innealtóireacht sa bhliain 2017. Maidir le foinsí síntiúis eile, bhí méadú iontu go 39% sa bhliain 2018 ó 25% sa bhliain roimhe, rud atá ina léiriú ar thabhartas leagáide €258,332 a tugadh sa bhliain 2018.

Ar an iomlán, léirítear sna torthaí airgeadais seo go bhfuil ioncam bunúsach láidir ann ó ghníomhaíochtaí carthanúla, rud atá ag tacú le leibhéal cobhsaí inbhuanaithe eisíocaíochta leis an Ollscoil. De bhreis air sin, tá dea-chumas ag an bhFondúireacht chun freastal ar riachtanais mhéadaitheacha chistiúcháin na hOllscoile sna blianta atá le teacht toisc go bhfuil cistí iomlána €4,742,011 (2017: €4,785,890) aici, dá bhfuil €897,546 i gcistí neamhshrianta.

**Beartas Cúlchistí**

Ní mheasann na Stiúrthóirí go bhfuil gá ann i láthair na huaire le spriocleibhéal cúlchistí a shocrú, toisc go bhfuil an Ollscoil toilteanach leanúint ar aghaidh ag deonú na mball foirne, na seirbhísí agus na n-áitreabh a theastaíonn ón gcarthanas chun go mbeidh sé in ann leanúint ar aghaidh ag oibriú. Is ann do líon beag costas oibriúcháin ar thabhaigh an carthanas go díreach iad agus a chlúdófar go leordhóthanach le cúlchistí ginearálta neamhshrianta go ceann i bhfad. Coinneoidh na stiúrthóirí faoi athbhreithniú an gá le spriocleibhéal cúlchistí agus beartas comhfhreagrach cúlchistí a fhorbairt.

**Príomhrioscaí agus Príomhéiginnteachtaí**

Measann na stiúrthóirí gur sna catagóirí seo a leanas atá na príomhrioscaí agus na príomhéiginnteachtaí atá os comhair an charthanais:

- Riosca Eacnamaíoch - an riosca go mbeidh drochthionchar ag an timpeallacht eacnamaíoch reatha ar chumas na síntiúsóirí reatha agus na síntiúsóirí ionchasacha ranníocaíochtaí a dhéanamh leis an bhFondúireacht sa todhchaí.
- Rioscaí Airgeadais - lena n-áirítear rioscaí infheistíochta, rioscaí leachtachta agus rioscaí airgeadais eile. Tá córas nósanna imeachta agus rialuithe i bhfeidhm ag an bhFondúireacht chun na rioscaí sin a bhainistiú, agus déantar faireachán ar chomhlíonadh ar bhonn leanúnach.
- Rioscaí Cistiúcháin - ós rud é nach bhfuil mórán ioncam infheistíochta dá chuid féin aige, ní mór don charthanas cistiú a chostas reatha leanúnach agus a fhorchostas leanúnach a choinneáil faoi athbhreithniú a mhéid nach gclúdaíonn an Ollscoil na costais sin.

**Imeachtaí tábhachtacha ó dheireadh na bliana i leith**

Ní raibh aon imeachtaí suntasacha ann atá ag dul i bhfeidhm ar an gcarthanas ó dheireadh na bliana i leith.

**Gnóthas Leantach**

Níl aon ábhair imní ag na Stiúrthóirí maidir le cumas na Fondúireachta chun leanúint lena misean agus lena gníomhaíochtaí a dhéanamh go ceann i bhfad. Tugaimid an méid sin faoi deara de bharr an cheanglais iniúchóireachta seachtraí chun é sin a mheasúnú ar bhonn bliantúil.

**Forbairtí sa Todhchaí**

Leanfaidh an Fhondúireacht le hobair i ndlúthchomhar lena príomh-gheallsealbhóirí chun cistiú daonchairdiúil a fháil le haghaidh thionscadail straitéiseacha na hOllscoile trína gníomhaíochtaí a ailíniú le tosaíochtaí tras-ollscoile agus le tosaíochtaí na gcoláistí aonair. De bhreis air sin, tá sé beartaithe roinnt tionscnaimh straitéiseacha a dhéanamh chun an líonra idir an ollscoil, alumni na hollscoile agus pátrúin eile a thógáil agus a fhorbairt.

**Iniúchóirí**

Chuir Mazars (Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla), na hiniúchóirí, in iúl go bhfuil siad toilteanach fanacht i mbun oifige de réir fhorálacha alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

## Fondúireacht Ollscoil Chorcaí

**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)**

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018

**Ráiteas ar fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta**

I gcás na ndaoine uile atá ina stiúrthóirí ag an am a cheadaítear an tuarascáil seo de réir alt 332 d'Acht na gCuideachtaí, 2014:

(a) a mhéid is eol do gach stiúrthóir, níl aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta ann nach bhfuil iniúchóirí reachtúla na cuideachta ar an eolas fúithi, agus

(b) rinne gach stiúrthóir na bearta uile ba cheart dó nó di a dhéanamh mar stiúrthóir chun é nó í féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus chun a dheimhniú go bhfuil iniúchóirí reachtúla na cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

**Taifid Chuntasaíochta**

Chun a chinntiú go gcoinnítear taifid imleora chuntasaíochta de réir ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, d'fhostaigh na stiúrthóirí pearsana cuntasaíochta a bhfuil cáilíochtaí cuí acu agus choinnigh siad córais chuí chuntasaíochta ríomhairithe. Coinnítear na taifid chuntasaíochta in oifig na Fondúireachta ag 2.12 Foirgneamh na Tairsí Thiar, Bóthar an Iarthair, An Ollscoil.

**Sínithe thar ceann an Bhoird**

Neil O'Leary
Stiúrthóir

Dáta: 17/06/19

Patrick O'Shea
Stiúrthóir

Dáta:

## Fondúireacht Ollscoil Chorcaí

**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)**

# RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí agus na rialachán is infheidhme in Éirinn.

Ceanglaítear ar na stiúrthóirí le dlí cuideachtaí na hÉireann ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach bliana airgeadais. Faoin dlí, roghnaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014, agus FRS 102, "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais. Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú mura deimhin leo go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta amhail dáta dheireadh na bliana airgeadais agus ar bharrachas nó easnamh na cuideachta don bhliain airgeadais agus go gcloíonn siad ar shlí eile le hAcht na gCuideachtaí, 2014.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú le haghaidh ráitis airgeadais na cuideachta agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- a lua cé acu a ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus tionchar aon imeachta ábhartha ó na caighdeáin sin, agus na cúiseanna leis nó leo, a lua; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta, nó go gcuireann sí faoi deara go gcoinnítear, taifid imleora chuntasaíochta ina ndéantar idirbhearta na cuideachta a mhíniú agus a thaifeadadh i gceart, lena gcumasaítear sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus barrachas nó easnamh na cuideachta a dhéanamh amach go measartha cruinn am ar bith, lena gcuirtear ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí ag cloí le hAcht na gCuideachtaí 2014, agus lena gcumasaítear iniúchadh réidh cuí na ráiteas airgeadais. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

**Sínithe thar ceann an Bhoird**

| | |
|---|---|
| Neil O'Leary<br>Stiúrthóir | Patrick O'Shea<br>Stiúrthóir |
| Dáta: 17/06/19 | Dáta: 17/6/2019 |

# TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA
## chuig na Comhaltaí d'Fhondúireacht Ollscoil Chorcaí
**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)**

**Tuarascáil ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais**

**Tuairim**
Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Fhondúireacht Ollscoil Chorcaí ('an chuideachta') don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018. Cuimsíonn na ráitis airgeadais an Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais, an Ráiteas ar Staid Airgeadais, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara a ghabhann leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear an achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta atá leagtha amach i nóta 2. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn ullmhú na ráiteas airgeadais ná dlí na hÉireann agus FRS 102, "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann".

Is é an tuairim atá againn ar na ráitis airgeadais ná:
- go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta amhail an 30 Meán Fómhair 2018 agus ar a heasnamh don bhliain dar críoch an dáta sin;
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir FRS 102, "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann"; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

**Bonn na tuairime**
Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (Éire) agus de réir an dlí is infheidhme. Maidir leis na freagrachtaí atá orainn faoi na caighdeáin sin, tá tuilleadh cur síos déanta orthu sa rannán "Freagrachtaí na n-iniúchóirí as na ráitis airgeadais a iniúchadh" den tuarascáil uainn. Táimid neamhspleách ar an gcuideachta i gcomhréir leis na ceanglais eiticiúla atá ábhartha dár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus chomhlíonamar na freagrachtaí eiticiúla eile atá orainn i gcomhréir leis na ceanglais sin. Creidimid gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuaireamar chun bonn a thabhairt dár dtuairim.

**Conclúidí maidir le gnóthas leantach**
Níl aon rud le tuairisciú againn i leith na n-ábhar seo a leanas a gceanglaítear orainn leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (Éire) tuairisc a thabhairt duit orthu:
- i gcás nach cuí atá an úsáid a bhain na stiúrthóirí as bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta nuair a bhí na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu; nó
- i gcás nár nocht na stiúrthóirí sna ráitis airgeadais aon éiginnteachtaí ábhartha sainaitheanta a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta leanúint le bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a ghlacadh ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

**Faisnéis Eile**
Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsítear san fhaisnéis eile an fhaisnéis atá ar áireamh sa tuarascáil bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus ár dTuarascáil Iniúchóirí orthu sin. Ní chumhdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, seachas a mhéid a luaitear a mhalairt go follasach inár dtuarascáil, ní chuirimid aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá freagracht orainn an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh agus, le linn dúinn é sin a dhéanamh, a mheas cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a ghnóthaíomar le linn ár n-iniúchta nó cé acu is cosúil nó nach cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Má shainaithnímid aon neamhréireachtaí ábhartha nó aon mhíráitis ábhartha dhealraitheacha den sórt sin, ceanglaítear orainn a chinneadh cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh gurb ann do mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó do mhíráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinneamar, go gcinnimid go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orainn an fíoras sin a thuairisciú. Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith sin.

**Tuairimí ar ábhair eile a fhorordaítear le hAcht na gCuideachtaí, 2014**
Bunaithe go hiomlán ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, tuairiscímid:
- go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dTuarascáil na Stiúrthóirí don bhliain airgeadais dá bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- go bhfuilimid den tuairim gur ullmhaíodh Tuarascáil na Stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta. Is é ár dtuairim gur leor taifid chuntasaíochta na cuideachta chun sinn a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA

**chuig na Comhaltaí d'Fhondúireacht Ollscoil Chorcaí**
**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)**

**Ábhair a cheanglaítear orainn a thuairisciú trí eisceacht**
Bunaithe ar an eolas agus an tuiscint ar an gcuideachta, agus a timpeallacht, a gnóthaíodh le linn an iniúchta, níor shainaithníomar aon mhíráitis ábhartha i dTuarascáil na Stiúrthóirí. Ceanglaítear le hAcht na gCuideachtaí, 2014, orainn tuairisc a thabhairt duit i gcás go bhfuilimid den tuairim nach ndearnadh na nochtaí maidir le luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí a cheanglaítear le hailt 305 go 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith sin.

**Freagrachtaí faoi seach**

**Freagrachtaí na stiúrthóirí as na ráitis airgeadais**
Mar atá mínithe ar bhealach níos mine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a bheith deimhin de go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu agus as cibé rialú inmheánach a mheasann na stiúrthóirí a bheith riachtanach a chur i bhfeidhm ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, tá freagracht ar na stiúrthóirí as cumas na cuideachta chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach a mheasúnú, agus iad ag nochtadh ábhair a bhaineann leis an ngnóthas leantach, de réir mar is cuí, agus ag úsáid bhonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta, seachas i gcás go bhfuil sé beartaithe ag an lucht bainistíochta an chuideachta a leachtú nó scor dá hoibriú nó i gcás nach bhfuil aon rogha réalaíoch eile acu ach déanamh amhlaidh.

**Freagrachtaí na n-iniúchóirí as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais**
Is iad na cuspóirí atá againn ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide, agus Tuarascáil Iniúchóirí a eisiúint ina gcuirtear ár dtuairim ar áireamh. Cé gur ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ní ráthaíonn sé go mbraithfear míráiteas ábhartha, i ngach cás inarb ann dó, nuair a dhéantar iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire). Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Tá cur síos eile ar na freagrachtaí atá orainn i leith an iniúchta ar na ráitis airgeadais le fáil ar shuíomh Gréasáin Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ag: <www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description of auditors responsibilities for audit.pdf>. Is cuid de Thuarascáil na nIniúchóirí é an cur síos sin.

**An cuspóir atá lenár n-obair iniúchóireachta agus na daoine a bhfuil freagrachtaí orainn ina leith**
Déantar an tuarascáil uainn chuig na comhaltaí den chuideachta, mar chomhlacht, agus chucu sin amháin, de réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Thugamar faoinár n-obair iniúchóireachta chun go bhféadfaimis tuairisc a thabhairt do chomhaltaí na cuideachta ar na hábhair sin a gceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt dóibh orthu i dTuarascáil Iniúchóirí, agus ní ar chúis ar bith eile. A mhéid a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid le haon fhreagracht d'aon duine ná ní ghabhaimid aon fhreagracht orainn féin d'aon duine, ach amháin don chuideachta agus do chomhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, maidir lenár n-obair iniúchóireachta don tuarascáil seo ná leis na tuairimí atá déanta againn.

**Austin Sammon**
**le haghaidh agus thar ceann**
**MAZARS**
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Teach na Méarachta
Sráid Thobar an Iarla
Gaillimh

**Dáta:** 17/6/19

# Fondúireacht Ollscoil Chorcaí

**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)**

## RÁITEAS AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS

don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018

| | Nótaí | Cistí Srianta<br>€ | Cistí Neamhainmnithe<br>€ | Cistí Ainmnithe<br>€ | Cistí Iomlána 2018<br>€ | Iomlán 2017<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam ó na nithe seo a leanas:** | | | | | | |
| Seirbhísí deonaithe tacaíochta | **4** | | **46,076** | | **46,076** | |
| Gníomhaíochtaí carthanúla | **5** | **1,348,409** | **753** | **326,783** | **1,675,945** | 2,634,968 |
| Ús agus Ioncam Comhchosúil | **6** | | **1,219** | | **1,219** | 2,812 |
| Gnóthachain/Caillteanais Aitheanta Eile | **7** | | | **(20,732)** | **(20,732)** | 22,301 |
| **Iomlán** | | **1,348,409** | **48,048** | **306,051** | **1,702,508** | 2,660,081 |
| **Caiteachas ar na nithe seo a leanas:** | | | | | | |
| Eisíocaíochtaí le tionscadail | **8** | **1,577,959** | **76,424** | **31,837** | **1,686,220** | 1,893,551 |
| Costais Tacaíochta agus Rialachais | **9** | | **58,591** | | **58,591** | 107,302 |
| Muirir Bhainc | **9** | | **1,576** | | **1,576** | 1,598 |
| **Iomlán** | | **1,577,959** | **136,591** | **31,837** | **1,746,387** | 2,002,451 |
| **Glanioncam/(glanchaiteachas)** | | **(229,550)** | **(88,543)** | **274,214** | **(43,879)** | 657,630 |
| Aistriú idir cistí | | **4,851** | **10,000** | **(14,851)** | - | - |
| **Glanghluaiseacht i gcistí** | | **(224,699)** | **(78,543)** | **259,363** | **(43,879)** | 657,630 |
| Cistí iomlána ag an 1 Deireadh Fómhair 2017 | | **4,069,164** | **161,913** | **554,813** | **4,785,890** | 4,128,260 |
| **Cistí iomlána ag an 30 Meán Fómhair 2018** | | **3,844,465** | **83,370** | **814,176** | **4,742,011** | 4,785,890 |

Ní raibh aon ghnóthachain ná aon chaillteanais aitheanta ann sa bhliain reatha ná sa bhliain roimhe, seachas iad sin atá ar áireamh sa Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais.

Is le gníomhaíochtaí leantacha a bhaineann na hacmhainní uile a fhaightear agus na hacmhainní uile a chaitear

**Arna cheadú ag an mBord an 17/6/2019 agus arna shíniú thar a cheann ag:**

**Neil O'Leary** — **Stiúrthóir**

**Patrick O'Shea** — **Stiúrthóir**

# RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS

ag an 30 Meán Fómhair 2018

| | Nóta | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Sócmhainní Airgeadais | **12** | **-** | 779,766 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | **13** | **448** | 1,067 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | **22** | **4,870,730** | 4,718,245 |
| | | **4,871,178** | 4,719,312 |
| **Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin** | **14** | **(129,167)** | (713,188) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **4,742,011** | 4,006,124 |
| **Glansócmhainní** | | **4,742,011** | 4,785,890 |
| **Cistí** | | | |
| Cistí Neamhshrianta | | | |
| Cistí Ainmnithe | | **814,176** | 554,813 |
| Cistí Neamhainmnithe | | **83,370** | 161,913 |
| Cistí Srianta | | **3,844,465** | 4,069,164 |
| **Cistí Iomlána** | **15** | **4,742,011** | 4,785,890 |

**Arna cheadú ag an mBord an 17/06/2019 agus arna shíniú thar a cheann ag:**

| | |
|---|---|
| **Neil O'Leary** | **Patrick O'Shea** |
| **Stiúrthóir** | **Stiúrthóir** |

# RÁITEAS AR ATHRUITHE I gCOTHROMAS

ag an 30 Meán Fómhair 2018

| | Cúlchiste srianta | Cúlchiste neamhainmnithe | Cúlchiste ainmnithe | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair 2016** | **3,256,771** | **338,208** | **533,281** | **4,128,260** |
| Glanbharrachas/(glaneasnamh) don bhliain | 812,393 | (176,295) | 21,532 | 657,630 |
| **Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair 2017** | **4,069,164** | **161,913** | **554,813** | **4,785,890** |
| Glanbharrachas/(glaneasnamh) don bhliain | (224,699) | (78,543) | 259,363 | (43,879) |
| **Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair 2018** | **3,844,465** | **83,370** | **814,176** | **4,742,011** |

## Fondúireacht Ollscoil Chorcaí

**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)**

## RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018

| | Nóta | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí carthanúla** | | | |
| Glanchaiteachas don bhliain | | **(43,879)** | 657,630 |
| Coigeartuithe do na nithe seo a leanas: | | | |
| Gnóthachain agus caillteanais de réir luach cóir | | **20,732** | (22,301) |
| Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil | | **(1,219)** | (2,812) |
| Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla | | **1,576** | 1,598 |
| | | **(22,790)** | 634,115 |
| **Gluaiseacht i gcaipiteal oibre:** | | | |
| Gluaiseacht i bhféichiúnaithe | | **619** | 894 |
| Gluaiseacht i gcreidiúnaithe | | **(584,021)** | 493,978 |
| Airgead a úsáideadh in oibríochtaí carthanúla | | **(606,192)** | 1,128,987 |
| Ús a íocadh | | **(1,576)** | (1,598) |
| Glanairgead a gineadh ó ghníomhaíochtaí carthanúla | | **(607,768)** | 1,127,389 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ús a fuarthas | | **1,219** | 2,812 |
| Réadú infheistíochtaí gearrthéarmacha | | **759,034** | |
| Glanairgead a gineadh ó ghníomhaíochtaí infheistíochta | | **760,253** | 2,812 |
| **Glanmhéadú in airgead agus coibhéisí airgid** | | **152,485** | 1,130,201 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid i dtús na bliana airgeadais** | | **4,718,245** | 3,588,044 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana airgeadais** | **22** | **4,870,730** | 4,718,245 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018

## 1. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta is ea Cork University Foundation CLG (Fondúireacht Ollscoil Chorcaí, Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta). Níl aon scairchaipiteal aici. Tá an Fhondúireacht corpraithe in Éirinn. Tá a hoifig chláraithe lonnaithe ag 2.12 Foirgneamh na Tairsí Thiar, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Bóthar an Iarthair, T12 XF62 (lonnaithe roimhe seo ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, 5 Bailtíní Brighton, Bóthar an Iarthair). Is ionann oifig chláraithe na Fondúireachta agus príomháit ghnó na Fondúireachta. Is é an phríomhghníomhaíocht dá bhfuil an Fhondúireacht ann ná gabháil do ghníomhaíochtaí cruinnithe airgid chun an t-oideachas agus an taighde a dhéanann an Ollscoil chun críocha oideachais, teagaisc agus taighde a chur ar aghaidh.

Cuimsíonn ráitis airgeadais na Fondúireachta an Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais, an Ráiteas ar Staid Airgeadais, an Ráiteas ar Athruithe i gCothromas, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear an Ráiteas ar Chistí Carthanúla. Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair i slánuimhreacha euro (€), ar airgeadra feidhmiúil na Fondúireachta é.

Chun faisnéis a sholáthar a bhaineann leis an maoirseacht a dhéanann na stiúrthóirí agus feidhmíocht agus staid airgeadais an charthanais a thuiscint, d'ullmhaigh Cork University Foundation CLG na ráitis airgeadais uaidh i gcomhréir leis na formáidí dá bhforáiltear sa Ráiteas faoi Chleachtas Molta do Charthanais.

Mar a cheadaítear le halt 291(3)(4) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, d'athraigh an Chuideachta na foirmeacha caighdeánacha atá sonraithe san Acht don Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais, don Ráiteas ar Staid Airgeadais agus don Ráiteas ar Shreabhadh Airgid. Ba chun an Ráiteas faoi Chleachtas Molta do Charthanais a chomhlíonadh a rinneadh imeachtaí ó na formáidí caighdeánacha, mar atá leagtha amach in Acht na gCuideachtaí, 2014. Tá na himeachtaí sin ag teacht le hailt 4.7, 10.6 agus 15.2 den Ráiteas faoi Chleachtas Molta do Charthanais.

## 2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais na cuideachta.

**Ráiteas comhlíonta**
Ullmhaíodh ráitis airgeadais na cuideachta don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018 ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus de réir FRS 102, "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann". Ullmhaíodh na ráitis airgeadais freisin de réir an Ráitis faoi Chleachtas Molta (SORP) (FRS 102) "Cuntasaíocht agus Tuairisciú ag Carthanais".

**Bonn an ullmhúcháin**
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus ionstraimí airgeadais áirithe a thomhaistear de réir suimeanna athluacháilte nó luachanna córa, mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn ullmhú na ráiteas bunaithe ar Acht na gCuideachtaí, 2014, ar FRS 102, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann agus ar an Ráiteas faoi Chleachtas Molta arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Carthanas do Shasana agus don Bhreatain Bheag, rud a mheastar a bheith ina dhea-chleachtas do charthanais in Éirinn.

**Ioncam**
Cuirtear an t-ioncam ar fad ar áireamh sa Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais i gcás go bhfuil an Fhondúireacht i dteideal an t-ioncam a fháil, i gcás gur féidir an tsuim a thomhas le cruinneas réasúnta agus i gcás gur dóigh go bhfaighfear an t-ioncam. Úsáidtear na beartais shonracha seo a leanas nuair atáthar ag déileáil le catagóirí ioncaim ar leith:

- Cuimsíonn ioncam ó chruinniú airgid (gníomhaíochtaí carthanúla) síntiúis airgid, tabhartais agus leagáidí agus aithnítear é sna ráitis airgeadais don bhliain ina bhfuil sé infhaighte ag an bhFondúireacht.
- Ioncam ó sheirbhísí agus saoráidí deonaithe - déantar seirbhísí agus saoráidí a ndeonaíonn an Ollscoil iad a aithint tráth a fhaightear iad bunaithe ar luach an tabhartais don Fhondúireacht. Tomhaistear an luach sin ach tagairt a dhéanamh do chostas na míre don Ollscoil nó do sciar den chostas sin atá cinnte go cuí.
- Ioncam infheistíochta - is nuair a thuilltear é a aithnítear ioncam a thuilltear ar chistí a shealbhaítear ar taisce nó i gcistí gearrthéarmacha nó fadtéarmacha.

**Caiteachas**
Aithnítear caiteachas ar bhonn fabhruithe de réir mar a thabhaítear dliteanas agus taifeadtar é mar chuid den chaiteachas lena mbaineann sé. Cuimsíonn caiteachas ar ghníomhaíochtaí carthanúla na costais a bhaineann le hioncam a mhealladh ó chruinniú airgid agus na costais a thabhaíonn an Fhondúireacht chun na cuspóirí carthanúla atá aici a chomhlíonadh. Áirítear leis sin costais is féidir a leithdháileadh go díreach ar ghníomhaíochtaí carthanúla agus na costais indíreacha sin a theastaíonn chun tacú leo (forchostais). Tríd is tríd, cuimsíonn costais dhíreacha na Fondúireachta na heisíocaíochtaí a gceadaíonn an Bord iad don Ollscoil le haghaidh tionscadail agus gníomhaíochtaí atá sainaitheanta go cuí. Áirítear le forchostais na Fondúireachta na costais rialachais agus tacaíochta atá aici. Cuimsíonn siad comhpháirt a dtabhaíonn an Fhondúireacht go díreach í, comhpháirt a ndeonaíonn an Ollscoil í, mar atá leagtha amach faoi Ioncam, agus muirir bhainc.

**Cáin bhreisluacha**
Níl an Fhondúireacht cláraithe do cháin bhreisluacha (CBL) toisc nach dtagann a gníomhaíochtaí carthanúla faoi raon feidhme CBL ar aon bhealach. Ní fhéadfar aon cháin bhreisluacha a thabhaíonn an carthanas mar mhír forchostais a aisghabháil, mar sin, agus taifeadtar í mar chuid den chaiteachas ar an mír.

**Cánachas**
Is carthanas cláraithe í an Fhondúireacht agus tá sí díolmhaithe ó Cháin Chorparáide.

**Leithdháileadh costas tacaíochta**
Baineann costais tacaíochta leis na feidhmeanna sin a chabhraíonn le hobair an charthanais agus nach dtugann go díreach faoi ghníomhaíochtaí carthanúla. Áirítear le costais tacaíochta costais a bhaineann le tabhartais a riar agus costais airgeadais, rúnaíochta, chúloifige agus rialachais. Leithdháileadh na costais sin ina n-iomláine ar chúlchistí ginearálta neamhshrianta.

**Airgeadraí eachtracha**
Is nuair a thaisctear iad isteach i mbanc cuntais euro an charthanais a aithnítear na tabhartais agus na síntiúis airgid a fhaigheann an Fhondúireacht. Tiontaítear tabhartais agus síntiúis in airgeadra eachtrach go euro bunaithe ar na spotrátaí malairte a bhí i bhfeidhm ag banc an charthanais ar an dáta a taisceadh iad.

Maidir le sócmhainní agus dliteanais airgid a bhí ainmnithe in airgeadra eachtrach ag dáta an Ráitis ar Staid Airgeadais, tiontaítear iad ach úsáid a bhaint as an ráta malairte idirbhainc deiridh a bhí i bhfeidhm ar an dáta sin. Is sa Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais a dhéileáiltear le haon difríochtaí malairte a thagann chun cinn ina dhiaidh sin.

**Airgead agus coibhéisí airgid**
Cuimsíonn airgead agus coibhéisí airgid airgead sa bhanc agus ar láimh, taiscí prapéilimh a shealbhaítear le bainc, infheistíochtaí gearrthéarmacha an-leachtach eile a bhfuil aibíocht bhunaidh de thrí mhí nó níos lú ag gabháil leo agus rótharraingtí bainc. Is laistigh de Chreidiúnaithe sa Ráiteas ar Staid Airgeadais a léirítear aon rótharraingtí bainc.

**Ionstraimí airgeadais**
Níl ag an bhFondúireacht ach na sócmhainní agus na dliteanais airgeadais sin a cháilíonn mar bhunionstraimí airgeadais. Aithnítear bunionstraimí airgeadais de réir luach idirbhirt ar dtús agus tomhaistear iad ina dhiaidh sin de réir a luacha socraíochta, ach amháin i gcás iasachtaí bainc, a thomhaistear ina dhiaidh sin de réir costas amúchta ach úsáid a bhaint as modh an úis éifeachtaigh.

**Sócmhainní airgeadais**
Déantar infheistíochtaí a shealbhaítear mar shócmhainní seasta a lua de réir an luacha chóir a aithníodh ar dtús. De ghnáth, is ionann an luach sin agus an praghas idirbhirt, gan costais idirbhirt a áireamh. I gcás gur féidir an luach cóir a thomhas go hiontaofa ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, aithnítear na hinfheistíochtaí de réir luach cóir sa Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais.

**Ús infhaighte**
Cuirtear ús ar chistí a shealbhaítear ar taisce ar áireamh nuair atá sé infhaighte agus nuair is féidir leis an gcarthanas an tsuim a thomhas go hiontaofa, rud is féidir a dhéanamh de ghnáth tar éis fógra a fháil faoin ús a d’íoc an banc nó faoin ús atá iníoctha ag an mbanc.

**Féichiúnaithe**
Aithnítear féichiúnaithe de réir na suime socraíochta atá dlite, lúide aon lascainí trádála is infheidhme. Luacháiltear réamhíocaíochtaí de réir na suime a íocadh roimh ré, glan ar aon lascainí trádála atá dlite.

**Creidiúnaithe agus soláthairtí**
Aithnítear creidiúnaithe agus soláthairtí i gcás go bhfuil ar an gcarthanas oibleagáid reatha a tháinig ó eachtra san am atá thart, ar eachtra í ar dóigh go n-aistreofar cistí chuig tríú páirtí (an Ollscoil san áireamh) dá barr, agus i gcás gur féidir an tsuim atá dlite chun an oibleagáid a shocrú a thomhas nó a mheas go hiontaofa. I bhformhór na gcásanna, aithnítear creidiúnaithe agus soláthairtí de réir a suime socraíochta tar éis aon lascainí trádála atá dlite a chur san áireamh.

Tá beartas comhaontaithe i bhfeidhm idir an Fhondúireacht agus an Ollscoil i leith cistí a eisíoc leis an Ollscoil. Tar éis iarraidh údaraithe ar chistí a fháil ón Ollscoil, déantar an tsuim cheadaithe a aistriú chuig creidiúnaithe ó chistí srianta nó ainmnithe.

**Cistí an Charthanais**
- Cistí srianta: Is ionann cistí srianta agus cistí a fhaightear agus nach féidir a úsáid ach amháin le haghaidh cuspóirí ar leith atá sonraithe ag na síntiúsóirí, rud atá ina cheangal ar an bhFondúireacht. Tá cuspóirí den sórt sin ag teacht le haidhmeanna foriomlána na Fondúireachta.
- Cistí neamhshrianta: Is ionann cistí neamhshrianta agus cistí is féidir a chaitheamh de réir lánrogha na Fondúireachta ar mhaithe le haon cheann de chuspóirí an charthanais a chur ar aghaidh. I gcás go bhfuil cuid de chiste neamhshrianta curtha in áirithe do thionscadal nó cuspóir sonraithe, féadfar an chuid sin a ainmniú mar chiste ar leith. Níl ag an ainmniú sin ach cuspóir riaracháin amháin agus ní chuireann sé aon srian dlíthiúil ar an lánrogha atá ag an bhFondúireacht an ciste a úsáid.
- Cistí ainmnithe: Is ionann cistí ainmnithe agus cistí neamhshrianta a leithdháileadh chun gníomhaíochtaí oibriúcháin na cuideachta a chistiú. Féadfar iad a úsáid de réir lánrogha an Bhoird chun na críche sin.

## 3. BREITHIÚNAIS SHUNTASACHA CHUNTASAÍOCHTA AGUS PRÍOMHFHOINSÍ NA hÉIGINNTEACHTA MEASTACHÁIN

Ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh maidir le glanluachanna sócmhainní agus dliteanas nach bhfuil soiléir ó fhoinsí eile cheana féin. Tá na meastacháin agus na buntoimhdí bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile a mheastar atá ábhartha. D’fhéadfadh na torthaí iarbhír bheith éagsúil leis na meastacháin sin.

Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na buntoimhdí ar bhonn leanúnach. Aithnítear leasuithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse inar leasaíodh an meastachán i gcás nach dtéann an leasú i bhfeidhm ach amháin ar an tréimhse sin. Is i dtréimhse an leasaithe agus i dtréimhsí amach anseo a aithnítear an leasú i gcás go dtéann an leasú i bhfeidhm ar an tréimhse reatha agus ar thréimhsí amach anseo araon.

Maidir le príomhfhoinsí na héiginnteachta meastacháin a bhfuil tionchar suntasach acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais, baineann siad le sócmhainní airgeadais a lua de réir margadhluacha, atá bunaithe ar luachálacha neamhspleácha.

Seachas na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach thuas, ní mheasann na stiúrthóirí gur gá aon mheastacháin chuntasaíochta eile nó aon toimhdí cuntasaíochta eile a nochtadh.

## 4. SEIRBHÍSÍ DEONAITHE TACAÍOCHTA

| | **2018** | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Riarachán | **33,776** | - |
| Táillí gairmiúla | **11,332** | - |
| Cóiríocht sheirbhísithe | **615** | - |
| Eile | **353** | - |
| **Iomlán** | **46,076** | - |

Le linn na bliana, dheonaigh Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, na speansais forchostais a tabhaíodh chun an Fhondúireacht a reáchtáil. Rinne an Fhondúireacht na speansais forchostais sin a aisíoc le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, sa bhliain 2017 ach úsáid a bhaint as a cistí neamhshrianta.

# Fondúireacht Ollscoil Chorcaí

**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)**

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018

## 5. IONCAM Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ CARTHANÚLA

| | Cistí Srianta | Cistí Neamhshrianta | Cistí Ainmnithe | Cistí iomlána 2018 | Cistí iomlána 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| Síntiúis | **1,348,409** | **753** | **326,783** | 1,675,945 | 2,634,968 |
| | **1,348,409** | **753** | **326,783** | **1,675,945** | 2,634,968 |

Baineann an t-ioncam ar fad don bhliain le síntiúis agus tháinig sé as na nithe seo a leanas

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Éire | **1,290,650** | 2,234,528 |
| An Ríocht Aontaithe | **254,520** | 252,617 |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | **130,735** | 142,421 |
| An Astráil | **40** | 170 |
| Ceanada | - | 5,232 |
| **Iomlán** | **1,675,945** | 2,634,968 |

| **Margadh geografach** | | |
|---|---|---|
| Poblacht na hÉireann | **1,290,650** | 2,234,528 |
| An Eoraip | **254,520** | 252,617 |
| An Chuid Eile den Domhan | **130,775** | 147,823 |
| | **1,675,945** | 2,634,968 |

Bhí ioncam ó mhargaí geografacha lasmuigh de Phoblacht na hÉireann freagrach as 23% den ioncam ar fad don bhliain.
Ní bhfuarthas aon tabhartais chomhchineáil le linn na bliana (2017: €NIALAS)

## 6. ÚS INFHAIGHTE AGUS IONCAM COMHCHOSÚIL

Gearradh ús nó muirir chomhchosúla i leith na nithe seo a leanas:

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ús Bainc | **1,219** | 2,812 |
| | **1,219** | 2,812 |

Rangaíodh na hiarmhéideanna sin mar seo a leanas;

| | | |
|---|---|---|
| Cistí srianta | | |
| Cistí neamhainmnithe | **1,219** | 2,812 |
| Cistí ainmnithe | | |
| | **1,219** | 2,812 |

## 7. CAILLTEANAS AR INFHEISTÍOCHTAÍ DE RÉIR LUACH CÓIR

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Gnóthachan/(Caillteanas) ar Infheistíochtaí de réir Luach Cóir | **(20,732)** | 22,301 |
| | **(20,732)** | 22,301 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018

## 8. EISÍOCAÍOCHTAÍ LE TIONSCADAIL

| | Cistí Srianta | Cistí Neamhshrianta | Cistí Ainmnithe | Cistí iomlána | Cistí iomlána |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | 2018 € | 2017 € |
| Ealaíona, Léann Ceilteach agus Eolaíochtaí Sóisialta | **70,875** | - | - | **70,875** | 97,207 |
| Eolaíocht, Innealtóireacht agus Eolaíocht Bia | **141,390** | - | **22,860** | **164,250** | 285,713 |
| Gnó agus Dlí | **500** | - | - | **500** | 9,336 |
| Leigheas agus Sláinte | **163,567** | - | **5,000** | **168,567** | 341,033 |
| Tionscadail eile de chuid UCC | **45,000** | - | | **45,000** | - |
| Riarachán agus Tacaíocht | **1,156,627** | **76,424** | **3,977** | **1,237,028** | 1,160,262 |
| Iomlán | **1,577,958** | **76,424** | **31,837** | **1,686,220** | **1,893,551** |

## 9. AN COSTAS A BHAINEANN LE CRUINNIÚ AIRGID

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Costais Dhíreacha Foirne | | |
| Muirir bhainc | **1,576** | 1,598 |
| Costais Tacaíochta | **58,591** | 107,302 |
| | **60,167** | 108,900 |

## 10. GLANCHAITEACHAS

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| **Luaitear glanchaiteachas tar éis suimeanna a ghearradh/(a chur chun sochair):** | * | |
| Luach saothair na n-iniúchóirí - le haghaidh seirbhísí iniúchóireachta seachtraí | **7,500** | 7,500 |
| Luach saothair na n-iniúchóirí - le haghaidh seirbhísí neamhiniúchóireachta eile | **5,000** | - |
| | **12,500** | 7,500 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018

## 11. COSTAIS TACAÍOCHTA AGUS LEITHDHÁILEADH CAITEACHAIS

**(a) Costais Tacaíochta**
Áirítear le costais tacaíochta Costais Airgeadais, Rialachais agus Riaracháin, a leithdháiltear ar fud Gníomhaíochtaí Carthanúla agus Cruinniú Airgid. Ní leithdháiltear aon chostais ar chistí ainmnithe nó srianta.

**(b) Leithdháileadh caiteachais**

| | Gníomh-aíochtaí Carthanúla € | Costais Tacaíochta agus Rialachais € | Muirir Bhainc € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas Díreach | 1,686,220 | - | - | 1,686,220 |
| Rialachas | - | 14,607 | - | 14,607 |
| Airgeadas | - | 26,114 | - | 26,114 |
| Teicneolaíocht Faisnéise | - | - | | - |
| Eile | | 17,870 | 1,576 | 19,446 |
| **Acmhainní Iomlána a Caitheadh** | **1,686,220** | **58,591** | **1,576** | **1,746,387** |

**(c) Costais rialachais**

| | **2018** € | 2017 € |
|---|---|---|
| Iniúchóireacht Sheachtrach | **12,500** | 7,500 |
| Speansais Bhoird | - | - |
| Táillí Dlí agus Comhairleachta | **2,107** | 31,000 |
| | **14,607** | 38,500 |

Ní fhaigheann na comhaltaí den Bhord aon luach saothair i leith a seirbhísí mar Stiúrthóirí. Áirítear le costais tacaíochta rialachais na leithdháiltí ó chaiteachas forchostais ginearálta a bhaineann le Fondúireacht Ollscoil Chorcaí a oibriú.

## 12. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

| **Infheistíochtaí** | **Infheistíochtaí Liostaithe** € | **Iomlán** € |
|---|---|---|
| **Costas nó Luacháil** | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2017 | 779,766 | 779,766 |
| Athluachálacha | (20,732) | (20,732) |
| Diúscairt | (759,034) | (759,034) |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2018 | - | - |
| **Glanluach leabhar** | | |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2018 | - | - |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2017 | 779,766 | 779,766 |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018

**12.1 SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS NA BLIANA ROIMHE**

| | Infheistíochtaí Liostaithe | Iomlán |
|---|---|---|
| **Infheistíochtaí** | € | € |
| **Costas nó Luacháil** | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2016 | 757,465 | 757,465 |
| Athluachálacha | 22,301 | 22,301 |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2017 | 779,766 | 779,766 |
| | | |
| **Glanluach leabhar** | | |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2017 | **779,766** | **779,766** |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2016 | 757,465 | 757,465 |

Tomhaistear infheistíochtaí neamhliostaithe de réir margadhluacha, áit a n-aithnítear gnóthachain nó caillteanais sa Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais. I dtuairim an stiúrthóra, is ionann luach infheistíochtaí na cuideachta agus leath na suime ag a luaitear iad sa Ráiteas ar Staid Airgeadais ar a laghad.

**13. FÉICHIÚNAITHE**

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | **448** | 1,067 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | **448** | 1,067 |

Tá na féichiúnaithe uile dlite laistigh de bhliain amháin. Rinneadh na hidirbhearta uile faoi ghnáth-théarmaí na cuideachta, is é sin, tríocha lá.

**14. CREIDIÚNAITHE: SUIMEANNA A BHEIDH DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN**

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Suimeanna atá dlite do pháirtithe bainteacha (Nóta 19) | **116,667** | 713,188 |
| Fabhruithe | **12,500** | - |
| | **129,167** | 713,188 |

Ar aon dul le FRS 102, rinne na stiúrthóirí athbhreithniú ar na téarmaí atá ag gabháil le hiarmhéideanna idirchuideachta. Tar éis an athbhreithnithe, thángthas ar an gconclúid go bhfuil na hiarmhéideanna sin iníoctha ar éileamh agus cuireadh iad i láthair go cuí ansin de réir FRS 102.

**15. RÁITEAS AR CHISTÍ**

| **2018** | **Iarmhéid Tosaigh €** | **Ioncam €** | **Caiteachas €** | **Gnóthachain/ (caillteanais) infheistíochta €** | **Aistrithe €** | **Iarmhéid Deiridh €** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cistí neamhainmnithe** | **161,913** | **48,048** | **(136,591)** | **-** | **10,000** | **83,370** |
| | | | | | | |
| **Cistí ainmnithe** | | | | | | |
| Fondúireacht Croí Ospidéal Ollscoil Chorcaí (An Ciste Cardashoithíoch) | 13,809 | 270,374 | - | - | - | 284,183 |
| Eile | 541,004 | 56,409 | (31,837) | (20,732) | (14,851) | 529,993 |
| **Cistí ainmnithe iomlána** | **554,813** | **326,783** | **(31,837)** | **(20,732)** | **(14,851)** | **814,176** |
| | | | | | | |
| **Cistí neamhainmnithe iomlána** | **716,726** | **374,831** | **(168,428)** | **(20,732)** | **(4,851)** | **897,546** |
| | | | | | | |
| **Cistí srianta** | | | | | | |
| Cathaoirleach ar Innealtóireacht Próiseas agus Cheimiceach | 1,000,000 | - | - | - | - | 1,000,000 |
| Clár UCC PLUS+ | 476,658 | 207,430 | (400,000) | - | 3,001 | 287,089 |
| Foirgneamh TF/Innealtóireacht | 232,552 | - | - | - | - | 232,552 |
| An tIonad um Atáirgeadh Daonna Móilíneach | 214,456 | 3,000 | - | - | - | 217,456 |
| Dánlann agus Bialann Glucksman | 221,725 | 58,098 | (71,527) | - | 301 | 208,597 |
| An tIonad Naíonán | 5,085 | 201,180 | (5,084) | - | - | 201,181 |
| Léachtóireacht in Innealtóireacht Shibhialta agus Timpeallachta | 200,000 | - | - | - | - | 200,000 |
| Droichead Uí Chaomhánaigh | 599,181 | 106,566 | (705,747) | - | - | - |
| Eile | 1,119,507 | 772,135 | (395,601) | - | 1,549 | 1,497,590 |
| **Cistí srianta eile** | **4,069,164** | **1,348,409** | **(1,577,959)** | **-** | **4,851** | **3,844,465** |
| | | | | | | |
| **Cistí iomlána** | **4,785,890** | **1,723,240** | **(1,746,387)** | **(20,732)** | **-** | **4,742,011** |

### 15.1 RÁITEAS AR CHISTÍ NA BLIANA ROIMHE

| **2017** | **Iarmhéid Tosaigh €** | **Ioncam €** | **Caiteachas €** | **Gnóthachain/ (caillteanais) infheistíochta €** | **Aistrithe €** | **Iarmhéid Deiridh €** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Cistí neamhainmnithe** | **338,208** | **20,932** | **(197,141)** | **-** | **(86)** | **161,913** |
| **Cistí ainmnithe** | | | | | | |
| Fondúireacht Croí Ospidéal Ollscoil Chorcaí (An Ciste Cardashoithíoch) | 3,399 | 10,410 | - | - | - | 13,809 |
| Eile | 529,882 | 167,612 | (178,836) | 22,301 | 45 | 541,004 |
| **Cistí ainmnithe iomlána** | **533,281** | **178,022** | **(178,836)** | **22,301** | **45** | **554,813** |
| **Cistí neamhainmnithe iomlána** | **871,489** | **198,954** | **(375,977)** | **22,301** | **(41)** | **716,726** |
| Cistí srianta | | | | | | |
| Cathaoirleach ar Innealtóireacht Próiseas agus Cheimiceach | - | 1,000,000 | - | - | - | 1,000,000 |
| Clár UCC PLUS+ | 610,852 | 215,731 | (349,969) | - | 41 | 476,658 |
| Foirgneamh TF/Innealtóireacht | 232,552 | - | - | - | - | 232,552 |
| An tIonad um Atáirgeadh Daonna Móilíneach | 226,456 | 3,000 | (15,000) | - | - | 214,456 |
| Dánlann agus Bialann Glucksman | 7,238 | 230,409 | (15,922) | - | - | 221,725 |
| An tIonad Naíonán | 1,419 | 248,689 | (245,023) | - | - | 5,085 |
| Léachtóireacht in Innealtóireacht Shibhialta agus Timpeallachta | 200,000 | - | - | - | - | 200,000 |
| Droichead Uí Chaomhánaigh | 1,151,016 | - | (551,835) | - | - | 599,181 |
| Eile | 827,238 | 740,994 | (448,725) | - | - | 1,119,507 |
| **Cistí srianta eile** | **3,256,771** | **2,438,826** | **(1,626,474)** | **-** | **41** | **4,069,164** |
| **Cistí iomlána** | **4,128,260** | **2,637,780** | **(2,002,451)** | **22,301** | **-** | **4,785,890** |

### 15.2. RÁITEAS AR RÉITEACH NA gCISTÍ LE BONN ULLMHÚCHÁIN NA BLIANA ROIMHE

Ba ghá na hiarmhéideanna ciste seo a leanas a athlua ar an dáta a tosaíodh ar chistí carthanúla a rangú mar atá sainithe sa rannán maidir le Cuntasaíocht Ciste sa Ráiteas faoi Chleachtas Molta do Charthanais:

Baineann na cistí ainmnithe le gníomhaíochtaí oibriúcháin na cuideachta a chistiú.

Is é atá sna cistí neamhshrianta ná cistí síntiúsóra a bhféadfar iad a úsáid, faoi lánrogha na stiúrthóirí, do thionscadail a bhaineann leis an Ollscoil.

| **Réiteach na n-iarmhéideanna ciste** | **Mar a bhí luaite roimhe seo** | **Glan-choigeartuithe** | **Mar atá luaite** |
|---|---|---|---|
| **Ag an 1 Deireadh Fómhair 2017** | € | € | € |
| Cistí Neamhshrianta | | | |
| Cistí Ainmnithe | 246,078 | 308,735 | 554,813 |
| Cúlchistí Ginearálta | 423,832 | (261,919) | 161,913 |
| Cistí Srianta | 4,115,980 | (46,816) | 4,069,164 |
| **Cistí carthanúla iomlána** | **4,785,890** | - | **4,785,890** |

Le linn dóibh na cuntais a ullmhú, rinne na stiúrthóirí breithniú ar cé acu ba ghá nó nár ghá míreanna comparáideacha a athlua agus na beartais chuntasaíochta a cheanglaítear leis an Ráiteas faoi Chleachtas Molta do Charthanais (FRS 102) á gcur i bhfeidhm acu.

### 16. ANAILÍS AR GHLANSÓCMHAINNÍ IDIR CISTÍ

| An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2018 | Cistí Neamhshrianta | Cistí Ainmnithe | Cistí Neamhshrianta | Cistí Srianta | Cistí Iomlána |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Sócmhainní Airgeadais** | - | - | - | - | - |
| Féichiúnaithe | 448 | - | 448 | - | 448 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 82,922 | 814,176 | 897,098 | 3,973,632 | 4,870,730 |
| Creidiúnaithe a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | - | - | - | (129,167) | (129,167) |
| | **83,370** | **814,176** | **897,546** | **3,844,465** | **4,742,011** |
| **Iomlán de réir an Ráitis faoi Chleachtas Molta** | **83,370** | **814,176** | | **3,844,465** | |

| An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2017 | Cistí Neamhshrianta | Cistí Ainmnithe | Cistí Neamhshrianta | Cistí Srianta | Cistí Iomlána |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| Sócmhainní Airgeadais | 160,846 | 554,813 | 715,659 | 64,107 | 779,766 |
| Féichiúnaithe | 1,067 | - | 1,067 | - | 1,067 |
| Airgead agus coibhéisí airgid | - | - | - | 4,718,245 | 4,718,245 |
| Creidiúnaithe a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | - | - | - | (713,188) | (713,188) |
| | **161,913** | **554,813** | **716,726** | **4,069,164** | **4,785,890** |

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018

## 17. STÁDAS

Tá dliteanas teoranta ag na comhaltaí.

Gabhann gach comhalta den chuideachta air/uirthi féin ranníocaíocht a dhéanamh i leith shócmhainní na cuideachta i gcás go bhfoirceannfar í le linn dóibh a bheith ina gcomhaltaí, nó laistigh de bhliain amháin ina dhiaidh sin, agus an méid sin a dhéanamh chun fiachais agus dliteanais na cuideachta ar conraíodh dóibh sular scoir siad de bheith ina gcomhaltaí a íoc, chun costais, muirir agus speansais foirceanta a íoc agus chun cearta na ranníocóirí a choigeartú ina measc féin, faoi réir cibé suim a bheidh ag teastáil, fad nach mó ná €1.27.

## 18. CEANGALTAIS CHAIPITIL

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ábhartha ar an gcuideachta ag an mbliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018.

## 19. IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA

Tá na suimeanna seo a leanas dlite do pháirtithe bainteacha eile:

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | **116,667** | 713,188 |
| | **116,667** | 713,188 |

Tá Coláiste na hOllscoile, Corcaigh: An Fhondúireacht ag gabháil do ghníomhaíochtaí cruinnithe airgid chun tacú le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Comhlacht neamhspleách nach bhfuil faoi rialú ag UCC is ea Cork University Foundation CLG. Le linn na bliana, ghabh an Fhondúireacht uirthi féin €1,686,220 (2017: €1,893,551) a sholáthar chun tacú leis an Ollscoil. Bhí €116,667 (2017: €713,188) amuigh ag an 30 Meán Fómhair 2018. Tá na suimeanna a íocadh agus atá iníoctha le UCC léirithe sna ráitis airgeadais seo. Leagtar amach i Nóta 2 an beartas comhaontaithe atá i bhfeidhm i leith tarraingt anuas cistí ag an Ollscoil. Le linn na bliana, sholáthair UCC seirbhísí trí shíntiús dar luach €46,076 (2017 €Nialas) a thabhairt le haghaidh reáchtáil agus bhainistíocht laethúil Cork University Foundation CLG. Faoi mar a tharla roimhe seo, níor íocadh aon luach saothair le haon bhall foirne de chuid UCC.

## 20. IMEACHTAÍ TAR ÉIS DHEIREADH NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

Ní raibh aon imeachtaí suntasacha ann atá ag dul i bhfeidhm ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana i leith.

## 21. LEAS RIALAITHE

I dtuairim na stiúrthóirí, ní ann d'aon pháirtí rialaithe in-sainaitheanta aonair ar an gcuideachta.

## 22. AIRGEAD AGUS COIBHÉISÍ AIRGID

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Airgead agus iarmhéideanna bainc | **4,870,730** | 4,718,245 |
| | **4,870,730** | 4,718,245 |

# Fondúireacht Ollscoil Chorcaí
**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nach bhfuil scairchaipiteal aici)**

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018

**23. AN PRÍOMHPHEARSANRA BAINISTÍOCHTA**

Tá údarás ag na stiúrthóirí agus ag na príomhbhainisteoirí, agus tá freagracht orthu, i leith gníomhaíochtaí na cuideachta a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Meastar gurb ionann na daoine sin agus an príomhphearsanra bainistíochta. Ní fhaigheann na stiúrthóirí ná na príomhbhainisteoirí aon luach saothair.

**24. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS**

Rinne an bord stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú agus a údarú lena n-eisiúint an 17/06/19.